

**Threoirínite maidir leis an
Toghchán do Pharlaimint na hEorpa 2024
an 7 Meitheamh 2024
[Gníomhairí Náisiúnta, Daoine eile agus Foilsitheoirí]**



**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission**

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773**

**Teileafón: 01 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland**

Aibreán 2024

Clár Ábhar

Réamhrá	4
Ról an Choimisiúin	5
Comhairle	5
Athbhreithniú	5
Fiosrúchán	6
Imscrúdú	6
Sárú ar an Acht a thuairisciú	7
Faisnéis úsáideach	9
Dátaí ábhartha agus an teorainn caiteachais	9
Caibidil 1 Gníomhairí Náisiúnta	10
1.1 Gníomhaire náisiúnta a cheapadh	11
1.2 Cuid dá t(h)eorainn caiteachais á sannadh ag iarrthóir do pháirtí polaitíochta	12
1.3. Caiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta	12
1.4 Daoine atá ag tabhú caiteachas gan údarú	13
1.5 "An Tréimhse Toghcháin" - na dátaí a bhfuil feidhm ag an teorainn caiteachais eatarthu	16
1.6. Cad is speansais toghcháin ann?	16
1.7 Cad nach speansais toghcháin ann?	18
1.8 Speansais arna dtabhú d'fhonn iarrthóireacht duine ag an toghchán a éascú	21
1.9 Sonraisc a íoc le soláthraithe	21
1.10 Ráiteas Speansas Toghcháin a chur ar fáil	21
1.11 Cionta agus pionóis is infheidhme maidir le gníomhairí náisiúnta ag an toghchán	23
Caibidil 2 Tríú Páirtithe, Daoine Eile agus Foilsitheoirí	25
2.1 Cad is "Tríú Páirtí" agus "Duine Eile" ann?	26
2.2 Na ceanglais reachtúla atá ar Thríú Páirtí agus ar Dhuine Eile i ndáil le speansais toghcháin a thabhú	26
2.3 Sonraisc a íoc le soláthraithe	26
2.4 Ráiteas Speansas Toghcháin a chur ar fáil	27
2.5 Na ceanglais atá ar fhoilsitheoirí	27
2.6 Pionóis is infheidhme maidir le tríú páirtithe agus le daoine eile má chiontaítear iad i gcion i ndáil le speansais toghcháin	28
Caibidil 3 – Comhairle faoi Ábhair ar Leith	30
3.1 Imeachtaí tiomsaithe airgid	30
3.2 Fógraíocht ar fheithiclí	32
3.3 Póstaeir loite nó dhamáistithe	33
3.4 Baill foirne a úsáid a n-íoctar a dtuarastal as cistí poiblí	33
3.5 Úsáid saor in aisce feithiclí	34
3.6 Cuntas a thabhairt san úsáid oifigí le linn na tréimhse toghcháin	34
Aguisín 1 - Sainmhínithe	36
Aguisín 2 - Seicliosta	40

Réamhrá

1. D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí treoirínite maidir leis an toghchán do Pharlaimint na hEorpa faoi alt 4(6)(a) den Acht Toghcháin, 1997, (an tAcht).¹
2. Is do ghníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta atá na Treoirínite. Foilsíodh treoirínite ar leith d'iarrthóirí agus do ghníomhairí toghcháin de chuid iarrthóirí. Cuimsítear sna treoirínite seo príomhcheanglais na reachtaíochta thuasluaite maidir le teorainneacha le caiteachas toghcháin.
3. Tá na Treoirínite ceangailteach ó thaobh dlí de. Mar sin féin, sa chás go bhfuil neamhréireacht idir na treoirínite agus an tAcht, tá an tAcht i réim.

¹ Is ionann tagairt don Acht agus tagairt don Acht Toghcháin 1997 arna leasú leis an Acht Toghcháin (Leasú) 1998, leis an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2001, leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001, leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2002, leis an Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2) 2003, leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2004, leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2005, leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2007, leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, leis an Acht Toghcháin, 2014, leis an Acht Toghcháin (Leasú), 2015, leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 agus An tAcht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024.

Ról an Choimisiúin

Comhairle

- Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin comhairle a sholáthar faoi alt 4(6)(b) den Acht maidir le comhlíonadh do dhaoine lena n-áirítear iarrthóirí agus gníomhairí toghcháin a thagann faoi réim fhorálacha an Ahta.
- Féadfar comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le haon fhoráil den reachtaíocht nó maidir le cur i bhfeidhm forála den sórt sin in aon chúinse ar leith. Má tá aon amhras ar dhuine faoi ghné ar bith den reachtaíocht, ba cheart dó nó di teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Tugtar comhairle i scríbhinn (lena n-áirítear trí ríomhphost) nó trí fhreagra a thabhairt ar fhiosrúcháin teileafóin.
- Cuirtear comhairle ar fáil faoi rogha an Choimisiúin Chaighdeánaigh. Áirítear na nithe seo a leanas ar na cúinsí nach bhféadfar comhairle a chur ar fáil iontu:
 - i gcás nach bhfuil dóthain faisnéise ann chun comhairle a thabhairt don iarrthóir;
 - i gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chomhairle le hábhar atá lasmuigh de shaineolas an Choimisiúin um Chaighdeáin, e.g. fiosruithe cuntasáíochta.
 - i gcás ina mbaineann an iarraidh ar chomhairle le hábhar atá á scrúdú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.
- Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart comhairle a lorg láithreach má thagann ceist chun cinn a bhfuil éiginnteacht ann ina leith. Tríd an méid sin a dhéanamh, is lú seans go mbeidh an cheist ina cúis le deacracht níos déanaí.
- Ní mór do dhuine gníomhú de réir treoirlínte nó comhairle a fhoilsíonn nó a thugann an Coimisiún um Chaighdeáin ach amháin má sháródh sé nó sí foráil eile den Acht.

Athbhreithniú

- Déanann an Coimisiún breithniú ar gach tabhartas agus ráiteas toghcháin (mar aon leis na doiciméid tacaíochta) a chuirtear ar fáil dó.
- I gcás ina n-aimsíonn an Coimisiún mionearráid nó mioneamnamh i ráiteas, tabharfaidh sé mionsonraí faoin earráid nó faoin easnamh don duine a sholáthair an ráiteas agus cuirfidh sé in iúl dóibh go bhféadfaidh sé nó sí an earráid a cheartú nó an easnamh a shlánú laistigh den tréimhse 14 lá ón dáta a eisíodh an fógra.
- Más rud é, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar ráiteas, gurb é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin go mb'fhéidir gur tharla sárú ar an reachtaíocht, ceanglaítear air fógra a thabhairt don duine a sholáthair an ráiteas maidir leis an sárú a d'fhéadfadh a bheith ann agus deis a thabhairt dó nó di aon tuairimí a d'fhéadfadh a bheith aige/aici a thabhairt.

- Déanfaidh Coimisiún na gCaighdeán breithniú ar na barúlacha a chuirfidh an duine sin ar fáil agus, má tá sé fós den tuairim gur tharla sárú ar an reachtaíocht, is é an seasamh atá aige faoi láthair ná go dtabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeán tuarascáil ar an ábhar, mar aon le haon doiciméid ábhartha, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.
- Ar thosach feidhme alt 182 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeán breithniú i dtaobh an bhfuil dóthain fianaise ann ina thuairim chun údar a thabhairt le himeachtaí coiriúla faoin Acht, nó i gcás nach bhfuil dóthain fianaise ann chun tabhairt faoi imscrúdú a stiúradh (féach Imscrúdú thíos).

Fiosrúchán

- Tá an Coimisiún um Chaighdeán i dteideal cibé fiosruithe is cuí leis a dhéanamh agus féadfaidh sé a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis, doiciméad nó rud atá ina sheilbh nó ar fáil ag an duine agus a theastóidh ón gCoimisiún um Chaighdeán chun críche a dhualgas faoin reachtaíocht a thabhairt.
- I gcás ina mainneoidh duine iarraidh ar fhiosrúchán a chomhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnach ama, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán a ordú don duine déanamh de réir an fhiosrúcháin laistigh de thréimhse áirithe ama. Níl faisnéis a sholáthraítear mar chuid d'ordachán ó dhuine inghlactha in imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne an duine sin i leith ciona.
- Is cion é mainneachtain ordachán ón gCoimisiún a chomhlíonadh.
- I gcás ina gcúiseofar duine sa chion mar gheall ar mhainneachtain ordachán ón gCoimisiún a chomhlíonadh, is cosaint é a shuíomh nach raibh an fhaisnéis, an doiciméad nó an rud ab ábhar don ordachán i seilbh nó faoi rialú an duine sin agus nárbh fhéidir leo le réasún an t-ordachán a chomhlíonadh.

Imscrúdú

- Ag an am a scríobhtar cumhachtaí imscrúdaithe an Choimisiúin um Chaighdeán mar atá leagtha amach i gcuid 4B den Acht agus mar atá leagtha amach thíos, níor tosaíodh iad. Ar thosach feidhme, beidh feidhm ag an méid seo a leanas.
- I gcás ina gcreideann an Coimisiún um Chaighdeán le réasún go bhféadfadh sé gur sháraigh duine codanna áirithe den Acht, lena n-áirítear Cuid IV agus V den Acht (Deonacháin agus Caiteachas i dToghcháin Eorpacha agus i dToghcháin Dála), féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán a ordú go ndéanfaidh oifigeach údaraithe imscrúdú.
- Is oifigeach údaraithe a cheapann an Coimisiún um Chaighdeán a dhéanann imscrúduithe. Arna iarraidh sin, déanfaidh oifigeach údaraithe cóip dá údarú a sholáthar d'aon duine a ndéanann imscrúdú difear dó nó di.
- Chun imscrúdú a dhéanamh:

1. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis nó míniú a sholáthar a theastóidh le réasún uathu le haghaidh an imscrúdaithe.
2. féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine aon doiciméad nó rud eile a bhfuil rialú ag an duine air, nó a bhfuil rochtain ag an duine air, a thabhairt ar aird agus a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe chun críocha an imscrúdaithe. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe aon doiciméad nó ní eile a thabharfar ar aird mar chuid den cheanglas seo a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh de nó sleachta a thógáil as.
3. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine freastal os a gcomhair chun ceisteanna a fhreagairt, agus dearbhú a dhéanamh maidir le fírinne na bhfreagraí ar na ceisteanna le haghaidh an imscrúdaithe.
4. Le toiliú an áititheora nó de bhun barántais faoi alt 4B(6) den Acht, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe dul isteach in aon áitreabh agus cuardach a dhéanamh in aon áitreabh a gcreideann sé nó sí le réasún go bhfuil aon doiciméad nó rud eile ann a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le réasún uathu le haghaidh an imscrúdaithe. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe aon doiciméad nó ní eile a gheofar ar chuardach a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh de nó sleachta a thógáil as. Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheith in éineacht leis an oifigeach údaraithe más gá.
5. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine aon doiciméid a thabharfar ar aird nó a gheofar amhlaidh a chur ar fáil i bhfoirm inléite seachas i bhfoirm inléite.
6. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine cibé cúnaimh a thabhairt dóibh a theastóidh le réasún uathu le haghaidh an imscrúdaithe agus cibé saoráidí réasúnacha a chur ar fáil don oifigeach údaraithe is gá chun a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú.
7. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin a údarú don oifigeach údaraithe tuarascálacha eatramhacha a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin.
8. Breithneoidh an Coimisinéir an tuarascáil agus más deimhin leis gur tharla sárú ar an Acht, féadfaidh sé imeachtaí achoimre a thionscnamh i leith ciona faoin Acht.

Sárú ar an Acht a thuairisciú

- I gcás inar mian le duine faisnéis a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin maidir le sárú féideartha ar an Acht, féadfaidh siad é sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ag info@sipo.ie. Déanfar tuarascálacha faisnéise a admháil agus a athbhreithniú. D'fhéadfadh na tuarascálacha sin a bheith mar chuid de bhreithniú an Choimisiúin um Chaighdeáin i dtaobh an bhfeidhmeoidh sé a chumhachtaí faoin Acht.
- Ní dhéantar foráil san Acht maidir le meicníocht gearán maidir le sárú féideartha ar an Acht. Ní chuirfear an toradh ar bhreithnithe an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil do thuairisceoirí faisnéise.

- I gcás ina mbeidh sárú déanta ag duine sonraithe de réir bhrí alt 4 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, féadfaidh duine gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 agus déileálfar leis nó léi de réir phróiseas gearán an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Faisnéis úsáideach

Cuntas síntiús polaitíochta	Ar shíntiús €100 a fháil, ní mór d'iarrthóir cuntas síntiús polaitíochta a oscailt (mura bhfuil ceann ar oscailt cheana féin).
Síntiús airgid thirim	Is é €200 an síntiús uasta airgid thirim a bhféadfaidh iarrthóir glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire.
Síntiúsóirí corparáideacha	Is é €200 an síntiús uasta a bhféadfaidh iarrthóir glacadh leis ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain féilire, ach amháin i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe ar an gClár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún
Síntiúsóirí aonair	<ul style="list-style-type: none"> Ní mór gach síntiús os cionn €600 fhaigheann iarrthóir a nochtadh ar an Ráiteas Síntiús. Is é €1,000 an síntiús uasta a bhféadfaidh iarrthóir glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain ar leith
Ilsíntiús	I gcás go dtugann síntiúsóir síntiús do bheirt fhaighteoirí nó níos mó (do níos mó ná ball amháin den aon pháirtí amháin nó do bhall amháin nó níos mó den pháirtí agus don pháirtí é féin) ar mó a luach comhiomlán ná €1,500 , beidh ceangal ar an síntiúsóir foirm síntiús a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi alt 24(1)(a). Beidh feidhm ag teorainneacha síntiús fós.
Síntiús thoirmisce	<ul style="list-style-type: none"> Síntiús ar bith atá os cionn na dteorainneacha atá luaite Ní féadfar glacadh le síntiús gan ainm os cionn €100 Ní féadfar glacadh le síntiús ón gcoigríoch, de luach ar bith, seachas ó shaoránach Éireannach nó ó ghnó a choimeádann oifig ar oileán na hÉireann óna stiúrtar ceann amháin ar a laghad dá phríomhghníomhaíochtaí.

Dátaí ábhartha agus an teorainn caiteachais

5 Aibreán 2024 go dtí 7 Meitheamh 2024	Tréimhse Toghcháin
22 Iúil 2024	Ní mór éilimh ar íocaíocht le haghaidh speansais toghcháin ó sholáthraithe a bheith faighte ag an ngníomhaire náisiúnta toghcháin faoin dáta seo
2 Lúnasa 2024	An dáta nach mór Ráitis Speansas Toghcháin agus dearbhuithe reachtúla a bheith curtha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán faoi
€230,000	Teorainn caiteachais don toghchán do Pharlaimint na hEorpa

Caibidil 1 Gníomhairí Náisiúnta

Is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna ar chóir do ghníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta agus iarrthóirí atá ag dul san iomaíocht sa toghchán bheith ar an eolas fúthu chun comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta a chinntiú:

- 1.1 Gníomhaire náisiúnta a cheapadh
- 1.2 Cuid dá t(h)eorainn caiteachais á sannadh ag iarrthóir do pháirtí polaitíochta
- 1.3 Caiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta
- 1.4 Daoine atá ag tabhú caiteachas gan údarú
- 1.5 "An Tréimhse Toghcháin" - na dátaí a bhfuil feidhm ag an teorainn caiteachais eatarthu
- 1.6 Cad is speansais toghcháin ann?
- 1.7 Cad nach speansais toghcháin ann?
- 1.8 Speansais arna dtabhú d'fhonn iarrthóireacht duine ag an toghchán a éascú
- 1.9 Sonraisc a íoc le soláthraithe
- 1.10 Ráiteas Speansas Toghcháin a chur ar fáil
- 1.11 Cionta agus pionóis is infheidhme maidir le gníomhairí náisiúnta ag an toghchán

1.1 Gníomhaire náisiúnta a cheapadh

- 1.1.1 Ní mór do gach páirtí polaitíochta ag a bhfuil iarrthóir atá ag dul san iomaíocht sa toghchán do Pharlaimint na hEorpa gníomhaire náisiúnta a cheapadh [alt 28(1)(a)]. Ní mór oifig nó ionad sa Stát a bheith ag an ngníomhaire náisiúnta, áit ar féidir éilimh, fógraí, eascairí, toghairmeacha agus cáipéisí eile a sheoladh chuige.
- 1.1.2 Tráth nach déanaí ná 12pm meán lae 30 Aibreán 2024 (do shaoránaigh Éireannacha) nó 22 Aibreán 2024 (do náisiúnaigh eile Aontais Eorpaigh), an lá deiridh le haghaidh ainmniúcháin sa toghchán a fháil, ní mór don pháirtí polaitíochta ainm an ghníomhaire náisiúnta agus seoladh oifig an ghníomhaire a fhógairt i scríbhinn don Choimisiún um Chaighdeáin [alt 28(1)(a)]. Murar thug an páirtí polaitíochta fógra don Choimisiún um Chaighdeáin faoi ainm an ghníomhaire náisiúnta faoin am sin, measfar “an t-oifigeach cuí” (arna cheapadh faoi alt 71 den Acht) a bheith ar an ngníomhaire náisiúnta [alt 28(3)(a)]. Murar ceapadh oifigeach cuí, meastar ceannaire an pháirtí a bheith ar oifigeach cuí an pháirtí agus, mar sin de, a bheith ar a ghníomhaire náisiúnta.
- 1.1.3 Foilseoidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Iris Oifigiúil ainm na ngníomhairí náisiúnta a cheapadh nó a measadh a bheith ceaptha [alt 28(6)(a)].
- 1.1.4 Féadfaidh páirtí polaitíochta ceapadh gníomhaire náisiúnta a chúlghairm am ar bith agus gníomhaire náisiúnta eile a cheapadh ina (h)áit [alt 28(4)(a)]. I gcás go dtarlaíonn sé sin, ní mór sonraí an ghníomhaire náisiúnta nua a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

1.2 Cuid dá t(h)eorainn caiteachais á sannadh ag iarrthóir do pháirtí polaitíochta

- 1.2.1 I gcás go bhfuil iarrthóir ag dul san iomaíocht sa toghchán thar ceann páirtí polaitíochta, féadfaidh sé/sí cuid dá t(h)eorainn caiteachais reachtúil a shannadh don pháirtí lena caitheamh sa toghchán ag an gníomhaire náisiúnta dá chuid [alt 33(1)(b)(i)].
- 1.2.2 Níl aon oibleagáid ar iarrthóir faoin Acht cuid ar bith dá t(h)eorainn caiteachais a shannadh don pháirtí. Más rud é nach sannann an t-iarrthóir cuid ar bith dá t(h)eorainn caiteachais don pháirtí, ní fhéadfaidh an gníomhaire náisiúnta aon speansais toghcháin a thabhtú thar ceann an iarrthóra. Féadfaidh gníomhaire toghcháin an iarrthóra, áfach, údarás a thabhairt don ghníomhaire náisiúnta speansais a thabhtú thar ceann an iarrthóra. Ní mór don ghníomhaire toghcháin cuntas a thabhairt i speansais den sórt sin ina Ráiteas Speansas Toghcháin.
- Is é an t-aon chaiteachas amháin ag páirtí is ceadmhach a dhéanamh ná iomlán na suimeanna a shann a iarrthóirí don pháirtí ó theorainn aonair na n-iarrthóirí.
- Sampla: Más rud é go bhfuil ceathrar iarrthóirí ag dul san iomaíocht sa toghchán ag páirtí polaitíochta amháin agus go sannann an bheirt acu €100,000 don pháirtí óna dteorainn caiteachais aonair, beidh gníomhaire náisiúnta an pháirtí i dteideal €400,000 san iomlán a chaitheamh sa toghchán [alt 33(2)]. Dá bharr sin, dhéanfaí suim na teorainn atá ar fáil lena caitheamh ag gníomhaire toghcháin gach iarrthóra a laghdú faoi €100,000.
- 1.2.3 Ní luaitear go sonrath san Acht cén uair ba chóir na suimeanna comhaontaithe a shannadh don pháirtí. Mar an gcéanna, ní choisctear ath-idirbheartaíocht leis an Acht faoi na suimeanna comhaontaithe a bheidh le sannadh. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir do ghníomhairí náisiúnta a chinntiú go gcomhaontaítear suimeanna a bheidh le sannadh le gach iarrthóir sula dtabhóidh an gníomhaire náisiúnta nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra aon speansais.
- 1.2.4 Ceanglaítear leis an Acht nach mór an tsuim a bheidh le sannadh don pháirtí a bheith comhaontaithe i scríbhinn [alt 33(1)(b)(i)]. Ba chóir, mar sin, an tsuim arna sannadh don pháirtí a lua go soiléir sa chomhaontú scríofa. Ba chóir é a bheith sínithe ag an iarrthóir agus ag oifigeach cuí de chuid an pháirtí. I gcás go ndéantar ath-idirbheartaíocht ina dhiaidh sin faoi shuimeanna a bheidh le sannadh, ní mór comhaontú scríofa nua a dhréachtú.
- 1.2.5 Ceanglófar ar an iarrthóir cóip den chomhaontú scríofa a thabhairt dá g(h)níomhaire toghcháin lena chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in éineacht le Ráiteas Speansas Toghcháin an ghníomhaire toghcháin [alt 36(1)(c)]. Ní cheanglófar ar ghníomhairí náisiúnta cóipeanna de na comhaontuithe scríofa a chur ar fáil in éineacht lena Ráitis Speansas Toghcháin. Ba chóir do ghníomhairí náisiúnta cóipeanna de na comhaontuithe scríofa a choinneáil, áfach

1.3. Caiteachas ag an gníomhaire náisiúnta

- 1.3.1 Is é an gníomhaire náisiúnta an t-aon duine amháin a fhéadfaidh caiteachas a thabhtú nó íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an pháirtí ach úsáid a bhaint as an teorainn caiteachais a shann a iarrthóirí dó [alt 31(4)(a)]. I gcás go bhfuil speansais tabhaithe ag páirtí polaitíochta nó thar a cheann sula gceptar gníomhaire náisiúnta, ní mór don pháirtí sonraí faoi gach speansas den sórt sin a chur ar fáil don ghníomhaire náisiúnta, in éineacht le gach dearbhán ábhartha. Tá sé ina chion do pháirtí polaitíochta loiceadh an ceanglas sin a chomhlíonadh.

- 1.3.2 Féadfaidh an gníomhaire náisiúnta údarás a thabhairt do dhaoine eile caiteachas a thabhtú nó íocaíochtaí a dhéanamh faoi chuimsiú teorainneacha sonrath arna socrú ag an ngníomhaire náisiúnta. Ní mór don ghníomhaire náisiúnta cuntas a thabhairt i gcaiteachas arna dhéanamh ag gach duine údarath den sórt sin [alt 31(5)].
- 1.3.3 Féadfaidh caiteachas ar iarrthóir nó caiteachas ar leibhéal náisiúnta a bheith i gceist le caiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta agus úsáid á baint aige/aici as an tsuim a shann a iarrthóirí don pháirtí.
- 1.3.4 Is é is caiteachas ar iarrthóir ann ná caiteachas lena ndéantar iarrthóir(i) a shainathint agus a chur chun cinn i dtoghcheantar. Áirítear leis sin 'foireann' an pháirtí i dtoghcheantar (i.e. iarrthóir agus comhiarrthóir(i)). I gcás go bhfuil ceannaire páirtí agus a iarrthóirí le feiceáil in ábhair toghcháin (e.g. póstaer, cláir fógraí), measfar an caiteachas a bheith tabhath ar na hiarrthóirí lena mbaineann.
- 1.3.5 Ní fhéadfaidh caiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta ar iarrthóir ar leith a bheith níos mó ná an tsuim a shann an t-iarrthóir don pháirtí. Ní fhéadfar cuid ar bith de theorainn caiteachais iarrthóra a aistriú ó iarrthóir amháin chuig iarrthóir eile. Ní fhéadfaidh an caiteachas iomlán ar iarrthóir ag a g(h)níomhaire toghcháin agus ag gníomhaire náisiúnta an pháirtí bheith níos mó ná an teorainn reachtúil d'iarrthóirí ag an toghchán (€230,000).
- 1.3.6 Ní fhéadfaidh an gníomhaire náisiúnta caiteachas a thabhtú ná íocaíochtaí a dhéanamh ach úsáid a bhaint as an tsuim den teorainn caiteachais atá á coimeád ag an iarrthóir mura dtugann gníomhaire toghcháin an iarrthóra údarás don ghníomhaire náisiúnta déanamh amhlaidh. Sa chás sin, ba mar dhuine ar thug an gníomhaire toghcháin údarás dó/di a dhéanfadh an gníomhaire náisiúnta caiteachas a thabhtú agus bheadh ar an ngníomhaire toghcháin aon chaiteachas den sórt sin a thairfeadh.
- 1.3.7 Is é is caiteachas náisiúnta ann ná caiteachas atá dírithe go soiléir ar vótaí a mhealladh sa tír ar fad de réir a ábhair agus a fhairsinge geografaí. Níl sé bainteach go díreach le hiarrthóir nó iarrthóirí áirithe a chur chun cinn i dtoghcheantar. Ba chóir tagairt a dhéanamh don pháirtí, dá lucht ceannais, dá bheartais nó do shaincheistanna toghcháin i gcomhthéacs náisiúnta. Ba chóir caiteachas náisiúnta a scaipeadh go measartha cothrom ar fud na tíre. De ghnáth, bíonn an caiteachas náisiúnta ar mhíreanna amhail forógra an pháirtí, craoltaí páirtí polaitíochta, cuairteanna ag ceannaire an pháirtí, etc. I gcás go bhfuil lucht ceannais an pháirtí nó urlabhraithe de chuid an pháirtí le feiceáil i gcraoltaí páirtí polaitíochta, measfar na speansais arna dtabhtú a bheith ina gcaiteachas náisiúnta agus ní mheasfar iad a bheith tabhath ar na hiarrthóirí aonair. I gcás go bhfuil iarrthóir nach urlabhraí páirtí é/í agus nach bhfuil ina c(h)uid de lucht ceannais an pháirtí le feiceáil i gcraoladh páirtí polaitíochta, ní mheasfar an caiteachas a bheith ina chaiteachas náisiúnta agus is féidir go measfar cuid chuí de chostas an chraolta a bheith ina caiteachas arna thabhtú thar ceann an iarrthóra.

1.4 Daoine atá ag tabhtú caiteachas gan údarú

- 1.4.1 Is é an gníomhaire náisiúnta an t-aon duine amháin a fhéadfaidh caiteachas a thabhtú nó íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann páirtí polaitíochta sa toghchán Eorpach [alt 31(4)(a)].

Ba chóir do ghníomhairí náisiúnta a bheith ar an eolas go bhféadfaidh an Coimisiún na speansais a mheas a bheith ina gcaiteachas arna thabhtú ag an bpáirtí polaitíochta i gcás duine nó comhlachta atá ag tabhtú speansas sa toghchán chun an páirtí nó a iarrthóirí a chur chun cinn, má mheasann sé an duine nó an comhlacht:

- ▣ a bheith bunaithe ag páirtí polaitíochta nó thar a cheann chun críocha speansais toghcháin a thabhú,
- ▣ a bheith ina b(h)all de pháirtí polaitíochta nó ina c(h)raobh nó ina f(h)o- eagraíocht de chuid páirtí polaitíochta, nó
- ▣ a bheith bainteach nó nasctha le páirtí polaitíochta nó a bheith faoina thionchar nó faoina smacht.

1.4.2 Sna cásanna sin, ní mór cuntas a bheith tugtha ag an ngníomhaire náisiúnta sna speansais arna dtabhú óna t(h)eorainn caiteachais. Más rud é nár sannadh teorainn caiteachais don pháirtí, beidh ar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra cuntas a thabhairt sa chaiteachas de réir mar is cuí. Má thugtar, de bharr caiteachais den chineál sin, caiteachas arna thabhú ag an bpáirtí nó ag an ngníomhaire toghcháin os cionn na teorann ábhartha, beidh cion déanta. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh gníomhairí náisiúnta ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí grúpaí nó daoine aonair atá ag tabhú caiteachais mar gheall go bhféadfar an caiteachas sin arna thabhú a mheas a bheith ina chaiteachas arna thabhú thar ceann an pháirtí nó a iarrthóirí. Ba chóir fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán Láithreach faoi ghníomhaíochtaí aon duine nó aon chomhlachta den sórt sin. Baineann ábharthacht ar leith le caiteachas ag na grúpaí nó na daoine seo a leanas chuige sin.

Eagraíocht páirtí áitiúil

1.4.3 Ní fhéadfaidh eagraíocht páirtí áitiúil (e.g. toghcheantar nó brainse) caiteachas a thabhú ná íocaíocht a dhéanamh i dtaca le feachtas toghcháin an pháirtí, e.g. billí a íoc, gan údarás a fháil ón ngníomhaire náisiúnta. Ní mór cuntas a bheith tugtha sna speansais sin ag an ngníomhaire náisiúnta ina Ráiteas Speansas Toghcháin.

1.4.4 Ní fhéadfaidh eagraíocht páirtí áitiúil caiteachas a thabhú ná íocaíocht a dhéanamh i dtaca le hiarrthóirí an pháirtí sa toghchán murar thug gníomhaire náisiúnta an pháirtí nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra ar leith údarás di déanamh amhlaidh. Ní mór cuntas a bheith tugtha sna speansais sin i Ráiteas Speansas Toghcháin an ngníomhaire a d'údaireigh na speansais.

Iarrthóirí sna toghcháin áitiúla

1.4.5 Ós rud é go mbeidh na toghcháin áitiúla don bhliain 2024 á reáchtáil ar an lá céanna ar a reáchtálfar an toghchán Eorpach, tá féidearthacht ann go luafar feachtas an pháirtí don toghchán Eorpach nó a iarrthóirí sa toghchán Eorpach in ábhar bolscaireachta agus fógraíochta do na toghcháin áitiúla. Measfar gurb ionann é sin agus leasanna an pháirtí nó na n-iarrthóirí lena mbaineann a chur chun cinn agus measfar é a bheith ina chaiteachas arna thabhú thar ceann an pháirtí nó a iarrthóirí sa toghchán Eorpach.

Ní mór do chraobh áitiúil de chuid páirtí polaitíochta, d'iarrthóirí i dtoghchán áitiúil nó do stiúrthóirí toghcháin, etc., a bhfuil sé beartaithe aige/aici lua d'fheachtas an pháirtí don toghchán Eorpach a chur ar áireamh in ábhar bolscaireachta agus fógraíochta, etc., do na toghcháin áitiúla údarú chun déanamh amhlaidh a fháil ó ghníomhaire náisiúnta an pháirtí. Ní mór tagairt d'iarrthóirí sa toghchán Eorpach in ábhar bolscaireachta agus fógraíochta, etc., do na toghcháin áitiúla údarú chun déanamh amhlaidh a fháil ó ghníomhaire toghcháin an iarrthóra nó ó ghníomhaire náisiúnta an pháirtí. Aon duine a thabhaíonn caiteachas den sórt sin thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra ag toghchán Eorpach gan a bheith údaraithe go cuí chun déanamh amhlaidh, is féidir go mbeidh sé/sí ciontach i gcion.

I gcás go léirítear an feachtas de chuid páirtí polaitíochta don toghchán Eorpach nó a iarrthóirí sa toghchán Eorpach in ábhar nó fógraíocht toghcháin áitiúil a úsáidtear le linn na

tréimhse toghcháin, ba chóir an méid a léirítear an feachtas don toghchán Eorpach nó an t-iarrthóir/na hiarrthóirí sa toghchán Eorpach a úsáid mar bhonn le haghaidh suim na speansas a mheastar a bheith tabhaithe thar ceann an pháirtí nó an iarrthóra sa toghchán Eorpach a ríomh. Más amhlaidh gur lú ná €126.97 an tsuim a mheastar a bheith tabhaithe agus go bhfuil sí tabhaithe ag an iarrthóir sa toghchán áitiúil, measfar gur mionspeansas é agus ba chóir cuntas a thabhairt ann mar mhionspeansas.

Más rud é go ndéantar lua ginearálta ann d'fheachtas an pháirtí don toghchán Eorpach agus gur mó an caiteachas ná €126.97, ba chóir do ghníomhaire náisiúnta an pháirtí cuntas a thabhairt sna speansais toghcháin sa Ráiteas Speansas Toghcháin. Más rud é go ndéantar lua ann d'iarrthóir(i) an pháirtí sa toghchán Eorpach agus gur mó an caiteachas ná €126.97, beidh sé riachtanach cuntas a thabhairt ann sa Ráiteas Speansas Toghcháin a chuireann an gníomhaire toghcháin nó an gníomhaire náisiúnta a d'údaraigh an speansas toghcháin ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

Caiteachas ag daoine/comhlachtaí a mheastar a bheith bainteach nó nasctha le páirtí polaitíochta nó a bheith faoina thionchar nó faoina smacht

- 1.4.6 Measfar comhlachtaí amhail ceardchumann agus grúpaí sainleasa atá comhcheangailte le páirtí polaitíochta a bheith nasctha nó bainteach leis an bpáirtí polaitíochta sin. Dá réir sin, measfar na comhlachtaí sin a bheith nasctha nó bainteach le hiarrthóir páirtí polaitíochta chun críocha speansais toghcháin a tabhaíodh thar ceann an iarrthóra sin sa toghchán. Más rud é go bhfuil an caiteachas sin údaraithe ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra, caithfidh an gníomhaire sin cuntas a thabhairt ansin. Ar shlí eile, ba chóir cuntas a bheith tugtha ann ag an ngníomhaire náisiúnta.

I gcás go bhfuil páirtí polaitíochta nó a iarrthóirí comhcheangailte nó nasctha le Páirtí Polaitíochta Eorpach agus go dtabhaíonn Páirtí Polaitíochta Eorpach speansais ag an toghchán chun páirtí polaitíochta nó iarrthóir a chur chun cinn nó chun cur i gcoinne páirtí polaitíochta nó iarrthóir eile, d'fhéadfadh go measfadh an Coimisiún um Chaighdeáin gur tabhaíodh na speansais thar ceann an pháirtí nó an iarrthóra lena mbaineann agus d'fhéadfadh go gcuirfeadh sé ceangal ar ghníomhaire náisiúnta an pháirtí nó ar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra cuntas a thabhairt sna speansais sin.

Caiteachas arna thabú ag "tríú páirtithe"/"daoine eile" nach bhfuil nasctha

- 1.4.7 Tá caiteachas arna dhéanamh ag "tríú páirtithe" agus ag "daoine eile", i.e. iad sin nach bhfuil nasctha le hiarrthóir nó le páirtí polaitíochta, ceadaíthe faoin Acht. Ba chóir do ghníomhairí náisiúnta fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin má thagann siad ar an eolas faoi thríú páirtithe nó faoi dhaoine eile atá ag tabú caiteachas toghcháin le linn dóibh páirtí polaitíochta nó iarrthóir a chur chun cinn nó cur i gcoinne páirtí polaitíochta nó iarrthóra.
- 1.4.8 Is féidir fógraí nuachtáin nó fógraí nuachtáin lena gcuirtear leasanna páirtí nó iarrthóra chun cinn nó lena gcuirtear i gcoinne leasanna páirtí nó iarrthóra sa chás, agus sa chás seo amháin, go n-iarrann iarrthóir, gníomhaire toghcháin, gníomhaire náisiúnta nó duine atá údaraithe ag iarrthóir nó ag ceachtar gníomhaire déanamh amhlaidh. Féadfaidh "tríú páirtithe" nó "daoine eile" fógraíocht nuachtáin a shocrú má sholáthraíonn siad Deimhniú Údaraithe ón gCoimisiún um Chaighdeáin don fhoilsitheoir lena ndeimhnítear go bhfuil na hoibleagáidí dlíthiúla cuí comhlíonta acu. Tabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin fógra

d'eagarthóirí/d'fhoilsitheoirí faoi fhorálacha na reachtaíochta ina leith sin. [Tá feidhm ag na forálacha i gceist maidir le hirísí agus le tréimhseacháin eile freisin.] [alt 31(10)].

1.4.8 Ba chóir do ghníomhairí náisiúnta fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán má thagann siad ar an eolas faoi thríú páirtithe nó faoi dhaoine eile atá ag tabhú caiteachas toghcháin le linn dóibh páirtí polaitíochta nó iarrthóir a chur chun cinn nó cur i gcoinne páirtí polaitíochta nó iarrthóra.

1.5 "An Tréimhse Toghcháin" - na dátaí a bhfuil feidhm ag an teorainn caiteachais eatarthu

1.5.1 Tá feidhm ag na teorainneacha caiteachais sa toghchán Eorpach maidir le gach speansas a thabhaítear agus le gach íocaíocht a dhéantar agus maoin, earraí nó seirbhísí á soláthar, i gcás go n-úsáidfead iad chun críocha toghcháin le linn na "tréimhse toghcháin". Tosaíonn an tréimhse toghcháin ar dháta an ordaithe lena gceaptar lá na vótála agus críochnaíonn sí ar lá na vótála é féin, agus an dá dháta sin san áireamh. Beidh an tréimhse toghcháin don toghchán Eorpach 2019 ar siúl ón 5 Aibreán 2024 go dtí 7 Meitheamh 2024 [alt 31(3)(a)(iii)].

1.5.2 Is cuma cathain a thabhaítear na speansais nó a dhéantar na híocaíochtaí, ní mór cuntas a thabhairt iontu má bhaineann siad le maoin, le hearraí nó le seirbhísí a úsáidtear chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin. Dá réir sin, ní mór cuntas a thabhairt i speansais a tabhaíodh nó in íocaíochtaí a rinneadh ag tráth ar bith roimh dháta eisiúna an eascaire ar mhaoin, earraí nó ar sheirbhísí a úsáidtear le linn na tréimhse toghcháin [alt 31(3)(b)].

1.5.3 Má thabhaítear speansais nó má dhéantar íocaíochtaí ar mhaoin, ar earraí nó ar sheirbhísí nár úsáideadh, nó nár úsáideadh ach cuid díobh, le linn na tréimhse toghcháin, ní gá cuntas a thabhairt sa chuid nár úsáideadh. Ar an dul céanna, ní gá cuntas a thabhairt i speansais arna dtabhú nó in íocaíochtaí arna ndéanamh i leith maoin, earraí nó seirbhísí a úsáideadh roimh thús na tréimhse toghcháin nó a úsáideadh tar éis na tréimhse toghcháin. Is iad seo a leanas roinnt samplaí de sin:

- ábhar poiblíochta arna scaipeadh ag iarrthóirí/páirtithe polaitíochta sular cuireadh tús leis an tréimhse toghcháin,
- costais árachais nó chíosa a bhain le háitreabh feachtais sa mhéid is go mbaineann na costais le tréimhse roimh an tréimhse toghcháin agus/nó ina diaidh, nó
- fógráin "bhuíochais" arna scaipeadh tar éis an toghcháin. Féach mír 1.8 le haghaidh tuilleadh sonraí.

1.5.4 Más amhlaidh, mar shampla, go bhfoilsítear fógrán i nuachtán nó i dtréimhseachán eile ar a bhfuil dáta foilsithe (i.e. an dáta clóite ar an bpáipéar) atá le linn na tréimhse toghcháin, measfar gur speansas toghcháin é an fógrán. Má tá an dáta foilseacháin roimh an tréimhse toghcháin nó tar éis na tréimhse toghcháin, ní mheastar gur speansas toghcháin é an fógrán.

1.5.5 Déanfar costas pobalbhreithe nó suirbhé eile den chineál céanna a dhéantar laistigh den tréimhse 60 lá roimh lá na vótála a mheas a bheith ina speansas toghcháin [alt 31(1)(b) agus mír 1(g) leis an Sceideal leis an Acht].

1.6. Cad is speansais toghcháin ann?

1.6.1 Foráiltear leis an reachtaíocht gurb é is speansais toghcháin ann ná na speansais sin agus na speansais sin amháin, atá leagtha amach sa sainmhíniú ar speansais toghcháin in Aguisín 1, agus a dhéantar a thabhtú agus maoin, earraí nó seirbhísí á soláthar le húsáid ag an toghchán le linn na tréimhse toghcháin [*alt 31(1)(a) agus an Sceideal leis an Acht*] (5 Aibreán 2024 go dtí 7 Meitheamh 2024) chun:

- leasanna páirtí polaitíochta nó toghadh iarrthóra nó grúpa polaitíochta arna chruthú de réir rialacha nós imeachta Pharlaimint na hEorpa a chur chun cinn nó cur i gcoinne leasanna an pháirtí sin nó thoghadh an iarrthóra nó an ghrúpa polaitíochta sin, nó
- beartais pháirtí polaitíochta nó ráitis pháirtí polaitíochta i dtaobh beartais pháirtí polaitíochta nó beartais iarrthóra eile sa toghchán, a chur i láthair, nó
- vótaí a lorg i bhfabhar iarrthóra nó ina c(h)oinne, nó
- beartais iarrthóra nó tuairimí iarrthóra, i dtaobh aon ghnó a bhaineann leis an toghchán, a chur i láthair nó ráitis iarrthóra i dtaobh beartais pháirtí polaitíochta nó beartais iarrthóra eile ag an toghchán, a chur i láthair, nó
- tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin ar aon slí eile.

1.6.2 I gcás gur úsáideadh maoin, earraí nó seirbhísí, a soláthraíodh saor in aisce nó faoi bhun a gcostas, le linn na tréimhse toghcháin, meastar gur speansais toghcháin iad a chaithfidh an gníomhaire ábhartha a áireamh mar chaiteachas toghcháin ar a bpraghas tráchtála [*alt 31(2)*]. [Rud a d'fhéadfadh a bheith ina shampla de sin is ea cás go dtoilíonn cuideachta priontála litríocht toghcháin a sholáthar saor in aisce i gcás go gcosnódh a leithéid €1,500 de ghnáth.] Ní mór údarú a thabhairt go soláthraíodh an t-ábhar sin agus é a áireamh ar a phraghas tráchtála lúide aon ghnáthlascaire a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

1.6.3 Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, i gcás go gcuireann gnó/cuideachta seirbhísí ar fáil saor in aisce nó faoi bhun an chostais, nach bhféadfaidh a luach bheith níos mó ná €200 mura bhfuil an gnó/an chuideachta cláraithe mar shíntiúsóir corparáideach leis an gCoimisiún um Chaighdeán.

1.6.4 Áirítear le speansais toghcháin íocaíochtaí arna ndéanamh le hoibrithe íoctha feachtas i gcás go bhfaightear admháil.

1.6.5 Ní féidir samplaí deifnídeacha a thabhairt sna treoirlínte seo ar gach cineál speansas toghcháin. Mura bhfuil tú cinnte ar chóir cuntas a thabhairt i mír speansas mar speansas toghcháin nó nár chóir, téigh i dteagmháil le Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeán le haghaidh comhairle.

Speansais Toghcháin a íoctar as cistí poiblí

1.6.6 I gcás go n-úsáidtear maoin, seirbhísí nó áiseanna a íoctar as cistí poiblí chun críocha toghcháin, ní mór costas na húsáide sin a aisíoc leis an soláthraí lena mbaineann. Ní mór cuntas a thabhairt i gcostais den sórt sin mar speansas toghcháin ansin. Ní mór do gníomhaire toghcháin an iarrthóra úsáid an ábhair sin a údarú. Is faoin ngníomhaire toghcháin ábhartha agus faoin iarrthóir, i gcomhairle le soláthraí na maoin, na seirbhísí nó na n-áiseanna, atá sé luach na húsáide a chinneadh chun

críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin agus cuntas a thabhairt san úsáid sa ráiteas speansas toghcháin. [Samplaí den chineál caiteachais sin iad úsáid áiseanna arna gcistiú ag an bpobal amhail clúdaigh litreach réamhíochta, teileafóin, am foirne, etc.]

1.6.7 D'fhéadfadh go mbeadh ar iarrthóirí atá ina sealbhóirí oifige tofa/poiblí cumarsáid a dhéanamh leis na toghthóirí le linn na tréimhse toghcháin. I gcás go n-íoctar costais le cistí poiblí, is gá idirdhealú a dhéanamh idir úsáid acmhainní poiblí chun a ngnáthghnó ionadaíochta a dhéanamh agus úsáid acmhainní poiblí chun críocha toghcháin. Ní mór aon úsáid as a n-áiseanna a n-íoctar astu le cistí poiblí chun a gcríoch toghcháin féin a chur i gcuntas mar speansas toghcháin.

1.6.8 Má úsáideann iarrthóir, le linn na tréimhse toghcháin, ábhair a n-íoctar astu le cistí poiblí chun aon chineál cumarsáide a sheoladh chuig aon duine de na toghthóirí gan iarraidh, measfar gur úsáideadh na hábhair chun críocha toghcháin agus caithfear na costais a áireamh mar speansas toghcháin ar a luach tráchtála iomlán.

1.6.9 I gcás go n-ardaítear fiosrú nua le hiarrthóir ina c(h)áil mar iarrthóir (lena n-áirítear fiosrú nár ardaíodh leis an iarrthóir roimh an toghchán) le linn dó/di a bheith ag canbhasáil agus go n-úsáidtear áiseanna, a n-íoctar as a gcostas as cistí poiblí, chun freagairt don fhiosrú, measfar gur úsáideadh na háiseanna sin chun críocha toghcháin. Tá am arna chaitheamh ag baill foirne agus iad ag freagairt don fhiosrú san áireamh leis sin (ach amháin i gcás go bhfuil baill foirne den sórt sin ag obair ar fheachtas an iarrthóra go deonach).

1.6.10 Meabhraítear do Chomhaltaí den Oireachtas gur chun a n-úsáid féin mar ionadaithe poiblí a chuirtear áiseanna a n-íoctar astu le cistí poiblí ar fáil. Níor chóir na háiseanna sin a n-íoctar astu le cistí poiblí a chur ar fáil d'iarrthóirí eile chun críocha toghcháin agus, dá gcuirfí ar fáil iad chun na gcríoch sin, d'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí suntasacha ann faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, de bhreis ar iad a bheith ina speansas toghcháin nach mór a chur i gcuntas.

1.7 Cad nach speansais toghcháin ann?

1.7.1 Tá an méid seo a leanas san áireamh leis na míreanna nach speansais toghcháin iad:

- **seirbhís saorphoist** a sholáthraítear d'iarrthóirí trí An Post (i.e. Litir um Thoghcháin) [mír 2(a) leis an Sceideal; alt 22(2)(b)(i)]. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb iad na costais phostais an t-aon chostas nach meastar a bheith ina speansas toghcháin. Is speansas toghcháin é an costas leis an mbileog/óráid toghcháin/Litir um Thoghcháin a tháirgeadh;
- **seirbhís saor in aisce arna soláthar ag duine aonair**, lena n-áirítear úsáid a bhaint as mótarfheithicil, teileafón, etc. an duine, i gcás nach bhfuil an tseirbhís á soláthar mar chuid d'obair nó de ghnó an duine agus ar choinníoll nach n-íocfaidh aon duine eile, go díreach nó go neamhdhíreach, an phearsa aonair as an tseirbhís sin nó chun soláthar na seirbhíse a éascú [mír 2(a) leis an Sceideal; alt 22(2)(b)(iii)(i)]. **[TABHAIR FAOI DEARA:** Tagraíonn an fhoráil seo den Acht go sonrach do dhuine aonair agus don úsáid as mótarfheithicil duine aonair (mótarfheithicil amháin). Má

sholáthraíonn duine aonair níos mó ná feithicil amháin, féadfar an úsáid as na feithiclí breise a mheas mar speansais toghcháin. Má sholáthraítear feithicil, ar le cuideachta, comhpháirtíocht, gnó etc. í, d'iarrthóir, ní mheastar gur seirbhís saor in aisce arna soláthar ag duine aonair í. I gcúinsí den sórt sin, meastar gur speansas toghcháin í úsáid na feithicle le linn na tréimhse toghcháin. Ní mór an costas tráchtála atá i gceist le feithicil den chineál céanna a fhruiú ar feadh tréimhse den chineál céanna a dhéanamh amach chun an speansas toghcháin a ríomh];

- **seirbhís arna soláthar ag toghchán ag fostaí páirtí polaitíochta (seachas pearsa aonair atá ar fostú ag fo-eagraíocht de chuid an pháirtí sin a bhfuil oifig aici lasmuigh den Stát)**, lena n-áirítear úsáid mhótarfeithicil an duine aonair, i gcás go n-íoctar luach saothair an fhostaí as acmhainní an pháirtí nó as cistí poiblí agus i gcás nach bhfuil an fostaí ag fáil aon chúitimh ná aon sochair chomhchineáil seachas a g(h)náthluach saothair (lena n-áirítear forchúiteamh speansas) don tseirbhís sin [*mír 2(a) leis an Sceideal; alt 22(2)(b)(iii)(II)*]. I gcás go n-íoctar íocaíochtaí ragoibre le fostaí páirtí polaitíochta as uaireanta breise a oibriú de ghnáth, meastar gur “gnáthluach saothair” é agus ní mheastar gur speansas toghcháin é;
- **gnáthchlúdach na meán** agus tarchur craolacháin ar an raidió nó ar an teilifís thar ceann iarrthóra nó páirtí polaitíochta [*mír 2(a) leis an Sceideal; alt 22(2)(b)(iv) agus (v)*]. Ní chlúdaíonn sé sin aon chostais léiriúcháin, ná aon chostais eile, a ghabhann le hábhar a tharchur ar an raidió nó ar an teilifís;
- **fógraíocht lasmuigh den tréimhse toghcháin** - fógráin a bhí i nuachtán ar a raibh dáta foilseacháin a bhí lasmuigh den tréimhse toghcháin i.e. fógráin "Buíochais" i nuachtáin tar éis lá na vótála.
- **speansais toghcháin arna dtabhú i dtoghchán Dála, Eorpach nó áitiúil roimhe** agus a nochtadh i Ráiteas Speansas Toghcháin a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán nó d'údarás áitiúil [*mír 2(b) leis an Sceideal*]. Níl aon ghá ann leis na speansais sin a thaifeadadh arís. Ní bhaineann sé sin le hábhar a úsáidtear i ndáil le reifreann.

[**TABHAIR FAOI DEARA:** Má tá sé i gceist ag iarrthóir úsáid nó athúsáid a bhaint as ábhar toghcháin a taifeadadh ar Ráiteas Speansas Toghcháin cheana féin, ní mór dá g(h)níomhaire toghcháin é sin a fhógairt do Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeán agus sonraí a sholáthar faoi na hábhair atá á n-athúsáid agus faoin Ráiteas Speansas Toghcháin ar ar taifeadadh roimhe iad.]

- An **íocaíocht táillí a tabhaíodh chun an t-ainmniú a fháil**, mar shampla an éarlais i leith an iarrthóra nó na speansas taistil agus eile arna dtabhú ag iarrthóir agus aontaitheoirí a fháil chun ainmniú an iarrthóra a aimsiú [*mír 2(d) agus (dd) leis an Sceideal*];
- an costas le **cóipeanna de chlár na dtoghthóirí** a cheannach [*mír 2(e) leis an Sceideal*];
- **speansais maireachtála réasúnacha** (lena n-áirítear cóiríocht) iarrthóra agus oibríthe deonacha atá ag obair thar a c(h)eann [*mír 2(f) leis an Sceideal*]. Faoin gceannteideal sin, le cois na gcostas cóiríochta, ceadaítear caiteachas chomh mór le €50 in aghaidh an duine in aghaidh an lae ar shólaistí, etc. agus ní gá cuntas a thabhairt ann. (Ciallaíonn sé sin nach meastar costais chóiríochta móide costais eile chomh mór le €50 an duine in aghaidh an lae mar speansais toghcháin);

- **Speansais as sólaistí** don iarrthóir agus d'oibrithe deonacha feachtais i gcás nár mhó an tsuim a tabhaíodh in aghaidh an lae ar aon duine amháin ná an tsuim a chinneann an Coimisiún um Chaighdeán a bheith cothrom le speansais mhaireachtála réasúnacha;
- aon **oibrí íoctha feachtais a thabhaíonn mionspeansais** (nach mó ná €126.97 in aon íocaíocht amháin), ar speansais iad a tabhaíodh i ndáil leis an toghchán, mura n-aisíoctar an tsuim réamhráite leis an duine. (Go bunúsach, ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh duine íoc as míreanna beaga a chosnaíonn suim atá níos lú ná €126.97. Ní speansais toghcháin iad mura n-iarrann an duine aisíocaíocht ón ngníomhaire toghcháin.) [*mír 2(g) leis an Sceideal*].

[**TABHAIR FAOI DEARA:** Is é an t-aon dream ar féidir leis speansais a thabú nó íocaíochtaí a dhéanamh ag toghchán go dleathach i ndáil le hiarrthóir ná gníomhaire toghcháin iarrthóra, gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta, nó duine arna údarú ag ceachtar gníomhaire chun speansais toghcháin a thabú. Tá cion á dhéanamh ag aon duine eile a thabhaíonn speansais nó a dhéanann íocaíochtaí ag toghchán thar ceann iarrthóra.

- Ní mór do ghníomhairí toghcháin taifead a choinneáil ar gach mionspeansas nach bhfuil cuntas á thabhairt ann mar speansas toghcháin ina Ráiteas Speansas Toghcháin. Chun déileáil le haon cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le cén fáth nach bhfuil speansais, i leith míreanna áirithe a úsáideadh le linn na tréimhse toghcháin, léiríthe mar speansas toghcháin sa Ráiteas Speansas Toghcháin, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán a éileamh go gcuirfear taifead ar gach "mionspeansas" den sórt sin ar fáil dó. D'fhéadfadh sonraisc, admhálacha agus dearbháin i leith mionspeansas a bheith ag teastáil freisin agus ba chóir don Gníomhaire Toghcháin iad a choinneáil. Ní chuirtear mionspeansais san áireamh agus iomlán na speansas toghcháin a tabhaíodh á ríomh.]
- **Oibrithe deonacha a théann ar shaoire bhliantúil** e.g. i gcás go dtéann ball d'fhoireann FPE atá ag dul as oifig nó ball d'fhoireann Comhalta den Oireachtas atá ag dul as oifig (e.g. cúntóir pearsanta, cúntóir taighde, etc.) ar shaoire bhliantúil agus go n-oibríonn sé ar fheachtas toghcháin iarrthóra ar bhonn deonach le linn na tréimhse toghcháin, measfar an obair a bheith déanta mar sheirbhís saor in aisce agus ní mheasfar costas a t(h)uarastail agus é/í ag oibriú go deonach mar speansais toghcháin chun críche an Achta;
- **féineálacha arna ngearradh** ag orgáin an Stáit, e.g. féineálacha páirceála agus bruscair;
- **seirbhísí cuntasóra**, nó duine eile (beag beann ar cé acu a íoctar nó nach n-íoctar é/í), a fhostaítear chun a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais an Achta agus chun na críche sin go sonrach;
- **úsáid oifigí ar le páirtí polaitíochta iad** agus a chuirtear ar fáil d'iarrthóir le húsáid ag an toghchán. Ní gá measchostas cíosa a chur síos d'úsáid oifigí den sórt sin. Dá ainneoin sin, tá costais teasa, solais, teileafón, etc., a thabhaítear chun críocha toghcháin ag oifigí den sórt sin le linn na tréimhse toghcháin ina speansais toghcháin.
- **Póstaeir toghcháin a bhaint anuas** (má bhaintear anuas iad tar éis lá na vótála);

- **Ábhar eile toghcháin lasmuigh den tréimhse toghcháin**, amhail cártaí "Buíochais", bileoga, nuachtlitreacha, etc., a dáileadh lasmuigh den tréimhse toghcháin;
- **Úsáid teileafón príobháideach**, lena n-áirítear fóin phóca, i gcás nár aisíocadh leis an duine an speansas a tabhaíodh;
- **Iompar agus taisteal**, lena n-áirítear costais pheitрил/díosail nár aisíocadh leis an duine;
- **Cóisir "Deireadh leis an vótáil"**.

Ní liosta uileghabhálach é sin. Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir le míreanna speansais is féidir leat a thabú le linn na tréimhse toghcháin, beidh Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun cabhair a thabhairt agus an Ráiteas Speansas Toghcháin á chomhlánú

1.8 Speansais arna dtabú d'fhonn iarrthóireacht duine ag an toghchán a éascú

1.8.1 D'fhéadfadh gur gá speansais áirithe a thabú thar ceann an iarrthóra d'fhonn cabhrú lena rannpháirtíocht i bpróiseas an toghcháin nó d'fhonn cabhrú le tuiscint ar an reachtaíocht ábhartha. **Ní** mheasann an Coimisiún um Chaighdeáin na speansais sin a bheith ina gcuid de chaiteachas toghcháin iarrthóra nó páirtí polaitíochta. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh le samplaí:

- costais bhreise le haghaidh cúram leanaí;
- costas athsholáthairtí oibre;
- cead neamhláithreachta le pá;
- ús iasachta agus táillí bainc;
- costais a bhaineann le cruinnithe arna dtionól chun rannpháirtithe ag an toghchán a chur ar an eolas faoi cheanglais na reachtaíochta toghcháin (e.g. seomraí a fháil ar cíos, cáipéisí, soláthairtí, taisteal).

1.9 Sonraisc a íoc le soláthraithe

1.9.1 Ní mór éilimh ó sholáthraithe ar íocaíocht le haghaidh speansais toghcháin a bheith faighte ag an ngníomhaire náisiúnta laistigh de 45 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. 22 Iúil 2024). Ní féidir leis an ngníomhaire náisiúnta éilimh a fhaightear i ndiaidh an dáta sin a íoc [alt 34]. Tá sé ina chion íocaíocht a dhéanamh má fhaightear an t-éileamh tar éis do na 45 lá a bheith caite. Chun cnámh spairne a sheachaint, tá sé an-tábhachtach go gcuirfeadh gníomhairí a soláthraithe ar an eolas faoin gceanglas sin agus orduithe le haghaidh maoin, earraí nó seirbhísí á ndéanamh acu. Cé nach féidir na héilimh sin a íoc, meastar gur speansais toghcháin fós iad agus ní mór cuntas a thabhairt iontu sa Ráiteas Speansas Toghcháin a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

1.10 Ráiteas Speansas Toghcháin a chur ar fáil

1.10.1 Seolfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin Ráiteas Speansas Toghcháin/Dearbhú Reachtuíl chuig gníomhairí náisiúnta go gairid i ndiaidh an toghcháin [alt 36(2)]. Ar an ráiteas sin, ní mór don ghníomhaire náisiúnta sonraí a nochtadh don Choimisiún um Chaighdeáin faoi gach

speansas a thabhaigh an gníomhaire agus gach íocaíocht a rinne an gníomhaire nó a rinneadh thar a c(h)jeann i dtaca leis an toghchán. Bíonn foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun cabhrú le gníomhairí náisiúnta an fhoirm a chomhlánú. Ní mór an ráiteas comhlánaithe a bheith faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. 2 Lúnasa 2024). I gcás go bhfuil iarrthóir de chuid páirtí polaitíochta ag dul san íomaíocht sa toghchán, beidh ar an ngníomhaire náisiúnta Ráiteas Speansas Toghcháin a chomhlánú fiú murar thabhaigh an páirtí aon speansais.

1.10.2 Ní mór na nithe seo a leanas a áireamh sa Ráiteas Speansas Toghcháin:

- sonraí faoi gach speansas arna dtabhú agus faoi gach íocaíocht arna ndéanamh ag an ngníomhaire náisiúnta agus ag a d(h)aoine údaráithe, lena n-áirítear soláthairtí maoinne, earraí nó seirbhísí saor in aisce nó faoi bhun costais a úsáideadh le linn na tréimhse toghcháin [alt 36(1)(a)],
- sonraí faoi dhaoine údaráithe, lena n-áirítear an tsuim a ceadaíodh do gach duine údaráithe a chaitheamh agus an tsuim iarbhír a caitheadh,
- deimhniú maidir leis an gcuid de theorainn caiteachais gach iarrthóra a shann an t-iarrthóir do pháirtí polaitíochta an ghníomhaire náisiúnta [alt 36(1)(c)],
- miondealú ar chaiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta ar an bhfeachtas náisiúnta agus ar gach iarrthóir aonair;
- sonraí faoi éilimh ar íocaíocht atá ina gcnámh spairne, faisnéis a bhaineann le héilimh dhéanacha ar íocaíocht (i.e. éilimh a fhaightear breis is 45 lá tar éis lá na vótála) [alt 36(1)(d)],
- sonraí faoi speansais arna dtabhú i leith earraí, maoinne nó seirbhísí a úsáideadh le linn na tréimhse toghcháin i gcás gur íocadh as na costais as cistí poiblí.

1.10.3 Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin a éileamh go gcuirfear taifead mionspeansas ar fáil dó freisin chun déileáil le haon cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le cén fáth nach bhfuil speansais i leith míreanna áirithe a úsáideadh le linn na tréimhse toghcháin le feiceáil mar speansas toghcháin ar an Ráiteas Speansas Toghcháin. Ní bheidh mionspeansais san áireamh agus iomlán na speansas toghcháin arna dtabhú á ríomh.

1.10.4 Ní mór sonraisc, admhálacha nó dearbháin le haghaidh gach íocaíochta as speansais toghcháin os cionn €126.97 a áireamh sa Ráiteas Speansas Toghcháin. Coimeádann an Coimisiún um Chaighdeáin an ceart aige féin aon sonrasc, admháil nó dearbhán a iarraidh i gcás mír chaiteachais arna luacháil ar luach is lú ná €126.97 agus atá le feiceáil ar Ráiteas Speansas Toghcháin nó ar thaifead mionspeansas.

1.10.5 Fógrófar don ghníomhaire náisiúnta mionearráidí nó mionearráidí arna n-aimsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i Ráiteas Speansas Toghcháin gníomhaire náisiúnta. Má iarrtar ar an ngníomhaire náisiúnta a Ráiteas Speansas Toghcháin a leasú, caithfidh sé/sí déanamh amhlaidh laistigh de 14 lá [alt 4(2)].

1.10.6 Is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faisnéis bhreise a iarraidh ó ghníomhaire náisiúnta i ndáil lena Ráiteas Speansas Toghcháin. I gcás go n-iarrtar faisnéis bhreise den sórt sin, ní mór í a sholáthar i bhfoirm a chinnfidh an Coimisiún um Chaighdeáin agus d'fhéadfadh gur ghá Dearbhú Reachtúil a bheith in éineacht leis [alt 36(2A)].

1.10.7 Leagfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin an Ráiteas Speansas Toghcháin agus an Dearbhú Reachtúil faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas [alt 37(1)] a luaithe a bheidh an t-athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus cuirfear ar fáil don phobal iad lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil a luaithe a bheidh na doiciméid leagtha faoi bhráid na

dTithe [alt 73]. Cuirfear sonraí achoimre faoin gcaiteachas arna thabhtú san áireamh i dtuarascáil chuig an gCathaoirleach ar Dháil Éireann [alt 4(1)] agus foilseofar iad ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

1.11 Cionta agus pionóis is infheidhme maidir le gníomhairí náisiúnta ag an toghchán

1.11.1 Má fhaightear an Gníomhaire Náisiúnta ciontach i gcion faoin Acht, d'fhéadfadh go ndlífí, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil a ghearradh air/uirthi nó d'fhéadfadh go ndlífí, ar é/í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht a ghearradh air/uirthi.

Tá na nithe seo a leanas ina gcionta faoin Acht:

- Má sháraíonn gníomhaire náisiúnta an caiteachas atá leagtha amach sna treoirlínte seo, ar chiontú, is cion é atá inphionóis le fíneáil2 [Alt 43(2)(a) agus Alt 43(5)(a) agus Alt 6 d'Fhíneálacha 2010]
 - Tá roinnt iarmhairtí eile ann a eascraíonn as róchaiteachas gníomhaire náisiúnta sa toghchán, mar seo a leanas
 - Is féidir le duine achainí a dhéanamh ar an Ard-Chúirt toradh an toghcháin a chur ar ceal [Alt 45];
 - Baintear méid an róchaiteachais ón íocaíocht bhliantúil a fhaigheann an páirtí ón Státchiste faoi na hAchtanna Toghcháin [Alt 40(a)].
- Tá sé ina chion do pháirtí polaitíochta loiceadh sonraí ábhartha faoi speansais arna dtabhtú sular ceapadh an gníomhaire náisiúnta a chur ar fáil don ghníomhaire náisiúnta [alt 31(8A)].
- Féadfar fíneáil a ghearradh as íocaíocht éileamh arna bhfáil níos mó ná 45 lá tar éis lá na vótála (i.e. tar éis 22 Iúil 2024) [alt 43(2)(b) agus alt 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].
- Má loictear na fiosruithe sin a dhéanamh agus na taifid sin a choinneáil ar bun, mar atá riachtanach d'fhonn Ráiteas Speansas Toghcháin a chur ar fáil agus Dearbhú Reachtúil a dhéanamh, féadfar fíneáil a ghearradh ar dhuine [alt 36(4) agus alt 43(2)(e) agus alt 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].
- Má loictear Ráiteas Speansas Toghcháin agus Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin spriocdháta reachtúil (i.e. faoin 2 Lúnasa 2024), féadfar fíneáil a ghearradh ar dhuine chomh maith le fíneáil leanúnach le haghaidh gach lae, i ndiaidh ciontaithe, dá bhfuil an Ráiteas agus an Dearbhú fós amuigh [alt 43(2)(c) agus alt 43(5)(a) agus (c) agus alt 6 agus alt 8 den Acht Fíneálacha, 2010].
- Má loictear faisnéis fhorlíontach, a bhaineann le Ráiteas Speansas Toghcháin, a chur ar fáil de réir mar a iarrann an Coimisiún um Chaighdeáin, féadfar fíneáil a ghearradh ar dhuine [alt 36(2A) agus alt 43(2)(e) agus alt 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].
- Is fíneáil é an pionós nuair a fhaightear gníomhaire náisiúnta ciontach sa chion gur sáraíodh an teorainn caiteachais [alt 43(2)(a) agus alt 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].

- Má chuirtear Ráiteas Speansas Toghcháin atá bréagach nó míthreorach ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán go feasach, féadfar fíneáil agus/nó trí bliana príosúnachta a ghearradh ar dhuine [*alt 43(2)(d) agus alt 43(5)(b)*].
- Má loictear cóip d'ordú cúirte le haghaidh íocaíochta ar éileamh atá ina chnámh spairne a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán, laistigh de 7 lá ó dháta an ordaithe cúirte sin, féadfar fíneáil a ghearradh ar dhuine [*alt 36(3) agus alt 43(2)(e) agus alt 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010*].

Ar thosach feidhme alt 189 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, beidh an méid seo a leanas ina chion ar leithligh faoin Acht freisin.

- Má loictear Ráiteas Speansas Toghcháin nó Dearbhú Reachtúil a thabhairt do Choimisiún na gCaighdeán.

Faoi láthair, má tá an Coimisiún den tuairim go mb'fhéidir go ndearnadh cion faoi na hAchtanna Toghcháin, cuirfidh sé an t-ábhar faoi bhráid an Gharda Síochána an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Ar thosach feidhme alt 189 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán imeachtaí a choimre a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

Ar thosach feidhme alt 193 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán 'fógra pionóis sheasta' a sheirbheáil le híocaíocht sheasta EUR 200 ar dhuine nach gcuireann Ráiteas Speansas Toghcháin agus/nó Dearbhú Reachtúil ar fáil ar an Spriocdháta Reachtúil nó roimhe). I gcás ina seirbheálfar fógra pionóis sheasta ar dhuine, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona má dhéantar íocaíocht ar an dáta nó roimh an dáta a shonraítear san fhógra pionóis sheasta.

Caibidil 2 Trú Páirtithe, Daoine Eile agus Foilsitheoirí

Is iad seo a leanas na príomh-shaincheistean ar chóir do Thrú Páirtithe, do Dhaoine Eile agus d'Fhoilsitheoirí bheith ar an eolas fúthu chun comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta a chinntiú:

- 2.1 Cad is "Trú Páirtí" agus "Duine Eile" ann?
- 2.2 Na ceanglais reachtúla atá ar Thrú Páirtí agus ar Dhuine Eile i ndáil le speansais toghcháin a thabú
- 2.3 Sonraisc a íoc le soláthraithe
- 2.4 Ráiteas Speansas Toghcháin
- 2.5 Na ceanglais atá ar fhoilsitheoirí
- 2.6 Cionta agus pionóis is infheidhme maidir le trú páirtithe agus le daoine eile i ndáil le speansais toghcháin a thabú.

Moltar do thrú páirtithe freisin aird a thabhairt ar Threoiríní an Choimisiúin um Chaighdeán do Thrú Páirtithe maidir leis na bearta atá le glacadh maidir le tabhartais agus deonacháin thoirmiscithe.

2.1 Cad is "Tríú Páirtí" agus "Duine Eile" ann?

- 2.1.1 Is é an sainmhíniú a thugtar ar "tríú páirtí" san Acht ná aon duine, seachas páirtí polaitíochta cláraithe nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, i mbliain ar leith, le síntiús a thugtar chun críocha polaitíochta, ar mó a luach ná €100 [alt 22(2)(aa)].
- 2.1.2 Ciallaíonn "duine eile" duine nó grúpa a bhfuil sé beartaithe aige/aici speansais a thabhu ag an toghchán chun cur in aghaidh iarrthóra nó páirtí polaitíochta nó é/í a chur chun cinn. Ní mheastar gur "daoine eile" iad iarrthóirí, a ngníomhairí toghcháin nó gníomhairí náisiúnta de chuid páirtithe polaitíochta.
- 2.1.3 Ní mór do thríú páirtí clárú freisin mar "duine eile" má tá sé beartaithe aige speansais a thabhu ag an toghchán. Ní cheanglaítear ar "duine eile" clárú mar "tríú páirtí" freisin más rud é nár ghlac sé síntiús os cionn €100.

Féach suíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeán chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na hoibleagáidí atá ar Thríú Páirtí - www.sipo.ie.

2.2 Na ceanglais reachtúla atá ar Thríú Páirtí agus ar Dhuine Eile i ndáil le speansais toghcháin a thabhu

- 2.2.1 De bhreis ar an gceanglas atá air clárú mar thríú páirtí (tar éis dó síntiús os cionn €100 a fháil), ní mór do thríú páirtí a bhfuil sé beartaithe aige speansais a thabhu ag an toghchán na nithe seo a chur ar fáil ar leithligh don Choimisiún um Chaighdeán i scríbhinn sula dtabhaíonn sé aon speansais den sórt sin [alt 31(7)]:
- ainm agus seoladh an duine atá ag beartú na speansais a thabhu agus tuairisc ar an duine sin,
 - ráiteas ar chineál, cuspóir agus suim mheasta na speansas sin, agus
 - léiriú ar aon nasc atá ag an duine, más ann, le haon pháirtí polaitíochta nó le haon iarrthóir ag an toghchán.
- 2.2.2 Ní mór do "duine eile" an fhaisnéis thuas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán freisin sula dtabhaíonn sé/sí aon speansais toghcháin ag toghchán. A luaithe atá na ceanglais thuas comhlíonta ag tríú páirtí nó ag duine eile agus nach meastar é/í a bheith nasctha le páirtí polaitíochta nó le hiarrthóir ag toghchán, níl aon teorainn ann le suim na speansas a fhéadfaidh an tríú páirtí nó an duine eile a thabhu.
- 2.2.3 Ag deireadh na tréimhse toghcháin, ní mór don tríú páirtí/don duine eile a speansais toghcháin a nochtadh don Choimisiún. Mínítear é sin ar bhealach níos mine i mír 2.4.

2.3 Sonraisc a íoc le soláthraithe

- 2.3.1 Ní mór éilimh ó sholáthraithe ar íocaíocht le haghaidh speansais toghcháin a bheith faighte ag an tríú páirtí/ag an duine eile laistigh de 45 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. 22 Iúil 2024). Ní féidir leis an ngníomhaire náisiúnta éilimh a fhaightear i ndiaidh an dáta sin a íoc. Tá sé ina chion íocaíocht a dhéanamh má fhaightear an t-éileamh tar éis do na 45 lá a bheith caite. Chun cnámh spairne a sheachaint, tá sé an-tábhachtach go gcuirfeadh gníomhairí a soláthraithe ar an eolas faoin gceanglas sin agus orduithe le haghaidh maoinne, earraí nó seirbhísí á ndéanamh acu. Cé nach féidir na héilimh sin a íoc, meastar gur speansais toghcháin fós iad agus ní mór cuntas a thabhairt iontu sa Ráiteas Speansas Toghcháin a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán.

2.4 Ráiteas Speansas Toghcháin a chur ar fáil

- 2.4.1 Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin na foirmeacha atá riachtanach le comhlánú, mar atá Ráiteas Speansas Toghcháin/Dearbhú Reachtúil, a sheoladh chuig an tríú páirtí/an duine eile go gairid i ndiaidh an toghcháin. Ar an ráiteas sin, ní mór don tríú páirtí/don duine eile sonraí a nochtadh don Choimisiún um Chaighdeáin faoi gach speansas a thabhaigh an tríú páirtí/an duine eile agus gach íocaíocht a rinne an tríú páirtí/an duine eile nó a rinneadh thar a c(h)eann i dtaca leis an toghchán. Bíonn foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun cabhrú le tríú páirtithe/daoine eile an fhoirm a chomhlánú. Ní mór an ráiteas comhlánaithe a bheith faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. 2 Lúnasa 2024) [alt 36(1)(a)].
- 2.4.2 Ní mór na nithe seo a leanas a áireamh sa Ráiteas Speansas Toghcháin arna chomhlánú ag an tríú páirtí/ag an duine eile:
- sonraí faoi gach speansas a thabhaigh an tríú páirtí/an duine eile agus faoi gach íocaíocht a rinne an tríú páirtí/an duine eile [alt 36(1)(a)];
 - sonraí faoi aon éilimh atá ina gcnámh spairne [alt 36(1)(d)];
 - sonraí faoi aon éilimh dhéanacha ar íocaíocht (i.e. éilimh a fhaightear breis is 45 lá tar éis lá na vótála agus nach n-íoctar) [alt 36(1)(d)].
- 2.4.3 Ní mór sonraisc, admhálacha nó dearbháin le haghaidh gach íocaíochta as speansas toghcháin os cionn €126.97 a áireamh sa Ráiteas Speansas Toghcháin. Coimeádann an Coimisiún um Chaighdeáin an ceart aige féin aon sonrasc, admháil nó dearbhán a iarraidh i gcás mír chaiteachais arna luacháil ar luach is lú ná €126.97 agus atá le feiceáil ar Ráiteas Speansas Toghcháin nó ar thaifead mionspeansas [alt 31(9)].
- 2.4.4 Fógrófar mionearraídh nó mionearraídh arna n-aimsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ar Ráiteas Speansas Toghcháin don duine a chuir an ráiteas ar fáil. Má iarrtar ar an duine a Ráiteas Speansas Toghcháin a leasú, ní mór dó/di déanamh amhlaidh laistigh de 14 lá [alt 4(2)].
- 2.4.5 Is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faisnéis bhreise a iarraidh i dtaca le Ráiteas Speansas Toghcháin. I gcás go n-iarrtar faisnéis bhreise den sórt sin, ní mór í a sholáthar i bhfoirm a chinnfidh an Coimisiún um Chaighdeáin agus d'fhéadfadh gur ghá Dearbhú Reachtúil a bheith in éineacht leis [alt 36(2A)].
- 2.4.6 Leagfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin an Ráiteas Speansas Toghcháin agus an Dearbhú Reachtúil faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas [alt 37(1)] agus cuirfear iad ar fáil le go mbeidh an pobal in ann iad a ghrinnscrúdú agus a chóipeáil [alt 73] a luaithe a bheidh an t-athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus cuirfear ar fáil don phobal iad lena n-íniúchadh agus lena gcóipeáil [Alt 73] a luaithe a leagfar na doiciméid faoi bhráid na dTithe. Cuirfear sonraí achoimre faoin gcaiteachas arna thabhu san áireamh i dtuarascáil chuig an gCathaoirleach ar Dháil Éireann [alt 4(1)] agus foilseofar iad ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin

2.5 Na ceanglais atá ar fhoilsitheoirí

- 2.5.1 Ní ceadmhach don fhoilsitheoir ar nuachtán, ar iris nó ar thréimhseachán eile fógrán nó fógra ar bith a bhaineann leis an toghchán a airbheartaíonn cur in aghaidh leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra sa toghchán nó iad a chur chun cinn, bíodh sé go díreach nó go

hindíreach, mura bhfaigheann sé iarraidh déanamh amhlaidh ó dhuine ar bith de na daoine seo a leanas [alt 31(10)]:

- an gníomhaire náisiúnta de chuid páirtí polaitíochta, nó duine atá údaraithe i scríbhinn ag an ngníomhaire sin, nó
- iarrthóir sa toghchán, a g(h)níomhaire toghcháin nó duine atá údaraithe i scríbhinn ag an iarrthóir sin nó ag an ngníomhaire sin, nó
- duine a sholáthraíonn Deimhniú Údaraithe ón gCoimisiún um Chaighdeáin don fhoilsitheoir lena ndeimhnítear go bhfuil forálacha alt 31(7) den Acht comhlíonta aige/aici i ndáil leis an toghchán.

2.5.2 Níl sé mar aidhm leis na forálacha sin den Acht cosc nó srian a chur ar fhoilsiú dleathach aon ní a bhaineann leis an toghchán i nuachtán nó i bhfoilseachán eile, ar chraoladh aon ní den sórt sin ar an raidió nó ar an teilifís ná ar léiriú dleathach tuairime ag duine ar bith faoi ní ar bith lena mbaineann spéis an phobail.

2.5.3 Má loiceann an foilsitheoir ar nuachtán, ar iris nó ar fhoilseachán tréimhsiúil eile cloí leis na ceanglais thuas, is féidir go mbeidh sé sin ina chion a bhféadfar fíneáil a ghearradh ina leith.

2.6 Pionóis is infheidhme maidir le tríú páirtithe agus le daoine eile má chiontaítear iad i gcion i ndáil le speansais toghcháin

2.6.1 Is cionta faoin Acht iad seo a leanas:

- Go dtabhaíonn duine caiteachas nó go ndéanann sé nó sí íocaíocht i ndáil leis an toghchán, gan é nó í a bheith údaraithe déanamh amhlaidh. I gcás ciontaithe, féadfar fíneáil a ghearradh [alt 43(1)(b) agus 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].
- Go loiceann duine a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuil sé beartaithe aige speansais toghcháin a thabhtú. I gcás ciontaithe, féadfar fíneáil a ghearradh [alt 43(3)(a) agus 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].
- Go ndéantar íocaíocht as éilimh a fhaightear breis is 45 lá tar éis lá na vótála. I gcás ciontaithe, féadfar fíneáil a ghearradh [alt 43(3)(d) agus 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].
- Go loiceann duine na fiosruithe sin a dhéanamh agus na taifid sin a choinneáil ar bun, mar atá riachtanach d'fhonn Ráiteas Speansas Toghcháin a chur ar fáil agus Dearbhú Reachtúil a dhéanamh. I gcás ciontaithe, féadfar fíneáil a ghearradh [alt 43(3)(d) agus 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].
- Go loiceann duine Ráiteas Speansas Toghcháin a chur ar fáil faoin spriocdháta reachtúil (2 Lúnasa 2019). I gcás ciontaithe, féadfar fíneáil a ghearradh chomh maith le fíneáil leanúnach le haghaidh gach lae, i ndiaidh ciontaithe, dá bhfuil an Ráiteas Speansas Toghcháin fós amuigh [alt 43(3)(b) agus alt 43(5)(a) agus (c) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].

- Go loiceann duine faisnéis fhorlíontach, a bhaineann le Ráiteas Speansas Toghcháin, a chur ar fáil de réir mar a iarrann an Coimisiún um Chaighdeán. I gcás ciontaithe, féadfar fíneáil a ghearradh [alt 43(3)(d) agus 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].
- Go gcuireann duine Ráiteas Speansas Toghcháin atá bréagach nó míthreorach ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán go feasach. I gcás ciontaithe, féadfar fíneáil agus/nó príosúnacht a ghearradh [alt 43(3)(b) agus 43(5)(b)].
- Go loiceann duine cóip d'ordú cúirte le haghaidh íocaíochta ar éileamh atá ina chnámh spairne a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán laistigh de 7 lá ó dháta an ordaithe sin. I gcás ciontaithe, féadfar fíneáil a ghearradh [alt 36(3) agus alt 43(3)(d) agus 43(5)(a) agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010].

Má tá an Coimisiún den tuairim go mb'fhéidir go ndearnadh cion faoi na hAchtanna Toghcháin, cuirfidh sé an t-ábhar faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ar thosach feidhme alt 189 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán imeachtaí achoimre a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

Ar thosach feidhme alt 189 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, beidh an méid seo a leanas ina chion ar leithligh faoin Acht freisin.

- Má loictear an Ráiteas Speansas Toghcháin nó an Dearbhú Reachtúil a thabhairt do Choimisiún na gCaighdeán [Alt 43 (3) (e)]

Ar thosach feidhme alt 193 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán 'fógra pionóis sheasta' a sheirbheáil le híocaíocht sheasta €200 ar dhuine nár sholáthair Ráiteas Speansas Toghcháin faoin spriocdháta reachtúil (féach thuas). I gcás ina seirbheálfar fógra pionóis sheasta ar dhuine, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona má dhéantar íocaíocht ar an dáta nó roimh an dáta a shonraítear san fhógra pionóis sheasta.

Caibidil 3 – Comhairle faoi Ábhair ar Leith

3.1 Imeachtaí tiomsaithe airgid

3.1.1 Glanluach ranníocaíochta le himeacht tiomsaithe airgid a dhéanamh amach

De réir fhorálacha alt 22(2)(a)(vi) agus (vii) den Acht, cuimsítear le síntiús glanluach ranníocaíochta d'imeacht tiomsaithe airgid. Meastar gur tugadh ranníocaíocht d'imeacht tiomsaithe airgid ar an dáta ar ar reáchtáladh an t-imeacht tiomsaithe airgid (agus ní ar an dáta ar a bhfuarthas an ranníocaíocht féin).

Tagtar ar ghlanluach ranníocaíochta le himeacht tríd an nglanbhrabús ón imeacht a ríomh i dtosach (i.e. tríd an gcostas leis an imeacht a reáchtáil a bhaint as an tsuim iomlán a tiomsaíodh san imeacht). Déantar an glanbhrabús a chur síos do líon na ndaoine a thug ranníocaíocht don imeacht i gcomhréir leis an ranníocaíocht a thug gach duine. Tugann sé sin glanluach na ranníocaíochta ó gach duine leis an imeacht tiomsaithe airgid.

Má d'íoc duine, mar shampla, i ndáil le himeacht tiomsaithe airgid, €1,000 i leith na táille iontrála do dheichniúr, ba é €1,000 an oll-ranníocaíocht leis an imeacht uaidh/uaithi. Dá mba é €20 in aghaidh an duine an costas a ghabh leis an imeacht a reáchtáil, bhainfí suim €200 as a (h)oll-ranníocaíocht, rud a d'fhágfadh glan-ranníocaíocht de €800. Dá ndéanfadh an duine ranníocaíochtaí eile leis an imeacht (e.g. capaill a cheannach ar oíche rásaíochta, poll ag comórtas gailf chlasaigh a urrú) ba ghá luach na ranníocaíochtaí sin a chur leis an nglan-ranníocaíocht €800 chun glanluach comhiomlán a ranníocaíochta don imeacht tiomsaithe airgid a dhéanamh amach.

Na ceanglais reachtaíochta i ndáil le cineálacha difriúla imeachtaí tiomsaithe airgid, a fhéadfar a eagrú i gcomhthéacs toghcháin, tá siad leagtha amach sna míreanna seo a leanas.

3.1.2 Imeachtaí tiomsaithe airgid arna n-eagrú ag páirtí polaitíochta chun cistí a thiomsú don pháirtí

I gcás go n-eagraíonn páirtí polaitíochta imeacht tiomsaithe airgid chun cistí a thiomsú don pháirtí, meastar gur síntiús don pháirtí atá sa ghlan-ranníocaíocht a thugann duine don imeacht tiomsaithe airgid. Is amhlaidh sin fiú má úsáideann an páirtí na cistí ina dhiaidh sin chun tacú le duine amháin nó níos mó dá iarrthóirí ag toghchán [*alt 22(2)(a)(vii)*].

Má thugtar roinnt d'fháltais an imeachta nó gach cuid de na fáltais i bhfoirm airgid d'iarrthóir(i) an pháirtí, meastar gur síntiús ón bpáirtí don iarrthóir/do na hiarrthóirí é. Má úsáideann an páirtí na fáltais chun íoc as speansais toghcháin arna dtabhú thar ceann an iarrthóra, ní mheastar gur síntiús ón bpáirtí don iarrthóir/do na hiarrthóirí é. Ní cheanglófar ar an bpáirtí luach iomlán fháltais an imeachta tiomsaithe airgid a nochtadh i Ráiteas Síntiús. Ceanglófar ar an bpáirtí aon síntiú(i)s ó dhuine os cionn glanluach €1,500 a nochtadh. Maidir leis an teorainn uasta €2,500 a bhféadfaidh páirtithe polaitíochta glacadh léi mar shíntiús ón aon duine amháin san aon bhliain amháin, tá feidhm aici sin freisin maidir le glanluach na ranníocaíochtaí le himeachtaí tiomsaithe airgid. Tá feidhm freisin ag an teorainn €200 lenar féidir glacadh mar shíntiús ó shíntiúsóirí corparáideacha neamhchláraithe. I gcás go bhfuil glanluach síntiús airgid don imeacht tiomsaithe airgid os cionn €100, ceanglófar ar aonad cuntasíochta an pháirtí (i.e. an chraobh nó an cheannoifig) a d'eagraigh an t-imeacht cuntas síntiús polaitíochta a oscailt, mura bhfuil ceann aige cheana féin. Mura bhfuil glanluach aon síntiús aonair airgid don imeacht os cionn €100, ní cheanglófar ar aonad

cuntasaíochta an pháirtí cuntas síntiús polaitíochta a oscailt. Má tá cuntas síntiús polaitíochta ag an aonad cuntasaíochta cheana féin, ní mór gach síntiús airgid, cibé luach atá air, a fhaightear i ndáil leis an imeacht a thaisceadh sa chuntas síntiús polaitiúil.

3.1.3 Imeachtaí tiomsaithe airgid arna n-eagrú ag páirtí polaitíochta chun cistí a thiomsú dá iarrthóir(i) ag an toghchán

I gcás go n-eagraíonn páirtí polaitíochta imeacht tiomsaithe airgid chun cistí a thiomsú dá iarrthóir(i) sa toghchán agus go dtugtar fáiltas an imeachta ar lámh don iarrthóir/do na hiarrthóirí, meastar gur idirghabhálaí atá ag glacadh le síntiús thar ceann an iarrthóra/na n-iarrthóirí é an páirtí. Meastar gur síntiús don iarrthóir/do na hiarrthóirí í an ghlanranníocaíocht arna tabhairt ag duine don imeacht tiomsaithe airgid. Is é an t-iarrthóir/na hiarrthóirí (i.e. ní an páirtí) atá freagrach as an síntiús agus ní mór dó/di/dóibh a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí/siad na ceanglais reachtaíochta (atá leagtha amach i mír 3.1.4 thíos).

Más amhlaidh, áfach, go gcoinníonn an páirtí fáiltas an imeachta faoina stiúir, féadfar a mheas gur don pháirtí a tugadh na síntiús agus is é an páirtí a bheidh freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais na reachtaíochta (atá leagtha amach i mír 3.1.2 thuas).

3.1.4 Imeachtaí tiomsaithe airgid arna n-eagrú ag iarrthóir

I gcás go n-eagraíonn iarrthóir imeacht tiomsaithe airgid chun cistí a thiomsú dá f(h)eachtas toghcháin, meastar gur síntiús don iarrthóir iad ranníocaíochtaí a dhéantar leis an imeacht [*alt 22(2)(a)(vi)*].

Ní cheanglófar ar an iarrthóir luach iomlán fháiltas an imeachta tiomsaithe airgid a nochtadh i Ráiteas Síntiús. Ceanglófar ar an iarrthóir aon síntiús ó dhuine atá ag tabhairt ranníocaíochta don imeacht agus atá os cionn glanluach €600 a nochtadh. Maidir leis an teorainn uasta €1,000 lenar féidir le hiarrthóirí glacadh mar shíntiús ó aon duine aonair sa aon bhliain amháin, baineann sí le glanluach na ranníocaíochtaí d'imeachtaí tiomsaithe airgid. Má tá glanluach aon síntiús airgid d'imeacht tiomsaithe airgid arna eagrú ag iarrthóir os cionn €100, ceanglófar ar an iarrthóir cuntas síntiús polaitíochta a oscailt, mura bhfuil ceann aige/aici cheana féin, agus an síntiús agus gach síntiús airgid ina dhiaidh a thaisceadh sa chuntas. Mura bhfuil glanluach síntiús airgid aonair don imeacht os cionn €100, ní cheanglófar ar an iarrthóir cuntas síntiús polaitíochta a oscailt. Má tá cuntas síntiús polaitíochta ag an iarrthóir cheana féin, ní mór gach síntiús airgid, cibé luach atá air, a fhaightear i ndáil leis an imeacht a thaisceadh sa chuntas.

3.1.5 Imeachtaí tiomsaithe airgid arna n-eagrú thar ceann iarrthóra ag duine nó grúpa nach é an t-iarrthóir ná a p(h)áirtí polaitíochta é

I gcás go n-eagraíonn duine nó grúpa nach é an t-iarrthóir ná a p(h)áirtí polaitíochta é imeacht tiomsaithe airgid thar ceann an iarrthóra (e.g. "Grúpaí chairde...") agus go dtugtar fáiltas an imeachta ar lámh don iarrthóir, meastar gur idirghabhálaí atá ag

glacadh le síntiúis thar ceann an iarrthóra é an duine tiomsaithe airgid/an grúpa tiomsaithe airgid. Meastar gurb é an t-iarrthóir a fuair na síntiúis agus go bhfuil sé/sí freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais reachtaíochta (atá leagtha amach ag 3.1.4 thuas).

Más rud é nach dtugtar fáltais an imeachta ar láimh don iarrthóir agus go gcoinníonn an grúpa tiomsaithe airgid iad, baineann an méid seo a leanas le hábhar:

- má tá glanluach aon síntiúis airgid don imeacht tiomsaithe airgid os cionn €100, ceanglófar ar an duine/grúpa clárú mar “thríú páirtí” leis an gCoimisiún um Chaighdeán. Ceanglófar ar an duine/ar an ngrúpa:
- forálacha an Achta is infheidhme i leith tríú páirtithe a chomhlíonadh, is iad sin, na forálacha maidir le cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus maidir lena bheith ag glacadh le síntiúis áirithe,
- meastar gur síntiúis don iarrthóir iad gach suim airgid a thugtar don iarrthóir ina dhiaidh chomh maith le gach speansas toghcháin arna thabhtú nó gach íocaíocht arna déanamh ag an ngrúpa tiomsaithe airgid thar ceann an iarrthóra,
- má tá luach comhiomlán na síntiús ón ngrúpa tiomsaithe airgid don iarrthóir os cionn €600, ceanglófar ar an iarrthóir sonraí faoi sin a nochtadh ina Ráiteas Síntiús,
- is é €1,000 luach uasta na síntiús lena féidir leis an iarrthóir glacadh in aon bhliain ar bith ó dhuine/ghrúpa tiomsaithe airgid a mheastar a bheith ina thríú páirtí (agus ní ina idirghabhálaí atá ag glacadh le síntiúis thar ceann an iarrthóra).

3.2 Fógraíocht ar fheithiclí

3.2.1 Is speansas toghcháin é oiriúnú ("clúdach") carranna, jipeanna, veaineanna, etc. le libhré páirtí polaitíochta mar go gcuireann sé iarrthóireacht duine agus/nó leasanna páirtí polaitíochta ag an toghchán chun cinn. Má úsáidtear na feithiclí sin le linn na tréimhse toghcháin, is speansas toghcháin iad na costais iomlána leis an bhfógraíocht ar na feithiclí a tháirgeadh.

3.2.2 Is eol don Choimisiún um Chaighdeán, áfach, go n-úsáideann roinnt ionadaithe poiblí clinicí soghluaiste toghcheantair atá "clúdaithe" le libhré an ionadaí poiblí nó an pháirtí polaitíochta cheana féin. Tá an Coimisiún um Chaighdeán den tuairim nach measfar na costais leis na feithiclí sin a oiriúnú mar speansas toghcháin, fiú má úsáideadh na feithiclí le linn na tréimhse toghcháin, i gcás gur úsáideadh na feithiclí sin ar bhonn leanúnach agus go bhfuil siad "clúdaithe" le libhré de chineál ginearálta nach bhfuil ag iarraidh go soiléir iarrthóireacht duine agus/nó leasanna páirtí polaitíochta a chur chun cinn sa tréimhse toghcháin.

3.2.3 Más rud é, áfach, go bhfuil oifig shoghluaiste á húsáid le haghaidh an toghcháin amháin nó gur "clúdaíodh" í le libhré a chuireann iarrthóireacht duine nó leasanna páirtí polaitíochta chun cinn go follasach nó a iarrann vótaí d'iarrthóir agus/nó do pháirtí polaitíochta ag an toghchán, measfar an costas leis an bhfeithicil a oiriúnú ma speansas toghcháin agus, má úsáidtear an bhfeithicil le linn na tréimhse toghcháin, ní mór cuntas a thabhairt sa chostas iomlán leis an bhfeithicil a oiriúnú.

3.2.4 I gcás nach bhfuil sé beartaithe cuntas a thabhairt i bhfógraíocht / i libhré ar fheithicil feachtais ar an mbonn nach chun críche an toghcháin atá an fhógraíocht / an libhré, ba chóir

don ghníomhaire lena mbaineann teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeán le deimhniú a fháil nach speansas toghcháin atá san fhógraíocht / sa libhré.

3.3 Póstaer loite nó dhamáistithe

3.3.1 Is é seasamh an Choimisiúin um Chaighdeán maidir le póstaer loite nó dhamáistithe ná go measfar póstaer a bheith úsáidte le linn na tréimhse toghcháin agus nach mór cuntas a thabhairt ann mar speansas toghcháin má chuirtear suas é le linn na tréimhse toghcháin (5 Aibreán 2024 go dtí 7 Meitheamh 2024), fiú má thiteann an póstaer anuas, má loitear é, etc. roimh lá na vótála. Chomh maith leis sin, is speansas toghcháin é an costas le póstaer loite nó dhamáistithe a athsholáthar má úsáidtear na póstaer athsholáthair le linn na tréimhse toghcháin.

3.4 Baill foirne a úsáid a n-íoctar a dtuarastal as cistí poiblí

3.4.1 Foráiltear leis an Acht Toghcháin, 1997 (arna leasú), (an tAcht) go n-aisíocfar earraí, maoin agus seirbhísí a n-íoctar as a gcostais trí chistí an phobail a úsáid agus a úsáidtear *chun críocha toghcháin* le linn na tréimhse toghcháin agus go measfar iad a bheith ina speansais toghcháin.

3.4.2 Más rud é go bhfuil ball (i.e. comhairleoir speisialta, rúnaí toghcheantair, tiománaí, cúntóir pearsanta, cúntóir taighde, etc.) d'fhoireann sealbhóir oifige tofa/poiblí fostaithe ina g(h)náthdualgais le linn na tréimhse toghcháin agus nach bhfuil sé/sí ag soláthar seirbhíse chun críocha toghcháin, ní mheasfar an costas leis na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh a bheith ina speansas toghcháin. Measfar a gcostais a bheith ina speansas toghcháin i gcás go bhfuil baill foirne fostaithe i ngníomhaíochtaí chun críocha toghcháin. Beidh sé faoin sealbhóir oifige poiblí, i gcomhar lena g(h)níomhaire toghcháin agus le soláthraí na seirbhísí, an méid a fostaíodh na baill foirne sin chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin a chinneadh agus cuntas a thabhairt ann i Ráiteas Speansas Toghcháin an ghníomhaire toghcháin.

3.4.3 Cuirtear carranna Stáit agus tiománaithe Garda ar fáil do shealbhóirí oifige poiblí áirithe ar chúiseanna slándála. Dá réir sin, ní speansas toghcháin atá san úsáid carranna Stáit sna cásanna sin, tiománaithe san áireamh, le linn na tréimhse toghcháin mar go gcuirtear na carranna agus na tiománaithe ar fáil mar bheart slándála agus go gceanglaítear ar na sealbhóirí oifige sin iad a úsáid i gcónaí.

3.4.4 Cuireann roinnt sealbhóirí oifige tofa/poiblí a gcarr féin ar fáil agus ceapann siad tiománaithe sibhialtacha a íoctar as cistí poiblí, áfach. Is speansas toghcháin atá in úsáid carranna agus tiománaithe ag na daoine sin chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin. Cé gur féidir leo speansais taistil a éileamh nuair a úsáidtear an carr le haghaidh gnó oifigiúil, ní cháileodh úsáid an chairr chun críocha toghcháin mar ghnó oifigiúil chun críocha na n-éileamh sin.

3.4.5 I gcás go dtéann ball d'fhoireann sealbhóir oifige tofa/poiblí ar shaoire bhliantúil chun oibriú ar fheachtas toghcháin ar bhonn deonach le linn na tréimhse toghcháin, measfar an obair a bheith déanta mar sheirbhís saor in aisce agus, d'ainneoin na fírce go bhféadfadh an obair bheith cosúil lena g(h)náthobair, ní mheasfar costas a t(h)uarastail agus é/í ag oibriú go deonach a bheith ina speansais toghcháin chun críocha an Achta.

3.4.6 I gcás go bhfuil agóid ann in aghaidh ráiteas speansas toghcháin arna chur isteach ag sealbhóir oifige tofa/poiblí, áfach, molann an Coimisiún um Chaighdeán gur chóir do na

hiarrthóirí sin a chinntiú go gcoimeádtar taifid chuí ar shaoirí arna bhfabhrú agus arna nglacadh ag baill foirne. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin deimhniú i scríbhinn a éileamh go ndeachaigh an ball foirne lena mbaineann ar saoire le linn na tréimhse toghcháin.

3.5 Úsáid saor in aisce feithiclí

- 3.5.1 Foráiltear le Cuid 1(f) leis an Sceideal leis an Acht go gcuimsítear le speansais ar iompar agus taisteal *“speansais arna dtabhú ar iompar agus taisteal (ar mhodh ar bith), peitreal agus díosal, feithiclí feachtais a fháil ar cíos nó a úsáid, feithiclí a fháil ar cíos nó a úsáid chun vótálaithe a iompar ar lá na vótála, speansais chóiríochta, seirbhísí tacsáí agus fruilchairr agus seirbhísí cúiréireachta”*.
- 3.5.2 Foráiltear le Cuid 2(a) leis an Sceideal leis an Acht nach measfar ceann ar bith de na hábhair dá dtagraítear in alt 22(2)(b)(i) agus in alt 22(2)(b)(iii - v) den Acht a bheith ina speansas toghcháin. Foráiltear leis an Acht freisin nach measfar na hábhair in alt 22(2)(b)(i - vii) a bheith ina síntiús.
- 3.5.3 Foráiltear le halt 22(b)(iii)(I) den Acht nach meastar seirbhís arna soláthar ag **duine aonair**, lena n-áirítear mótar**feithicil** an duine aonair a úsáid, a bheith ina síntiús ná ina speansas toghcháin i gcás nach gcuirtear an tseirbhís ar fáil mar chuid d’obair nó de ghnó an duine aonair. Tagraítear go sonrath in alt 22(b)(iii)(I) do dhuine aonair agus do mhótarfeithicil duine aonair. Dá bhrí sin, ní mheastar é a bheith ina shíntiús don iarrthóir nó ina speansas toghcháin i gcás ina gcuireann duine aonair úsáid saor in aisce as feithicil aonair ar fáil d’iarrthóir ag an toghchán. Más rud é, áfach, go ngearrann an duine aonair táille as an bhfeithicil i gceist a úsáid, measfar é a bheith ina shíntiús agus ina speansas toghcháin. Má tá an duine aonair ag cur níos mó ná feithicil amháin ar fáil, is féidir go measfar na feithiclí breise a bheith ina síntiús agus ina speansais toghcháin.
- 3.5.4 Mar atá luaite thuas, baineann an tagairt in alt 22(b)(iii)(I) go sonrath le **duine aonair**. Má sholáthraítear feithicil, ar le cuideachta, comhpháirtíocht, gnó etc. í, d’iarrthóir, ní mheasfar í a bheith ina seirbhís saor in aisce arna soláthar ag **duine aonair**. I gcúinsí den sórt sin, mar sin, meastar gur síntiús agus gur speansas toghcháin atá in úsáid na feithicle. Ní mór an costas tráchtála a bhaineann le feithicil den chineál céanna a fhrúiliú ar feadh tréimhse den chineál céanna a dhéanamh amach chun a luach mar shíntiús a nochtadh agus chun an úsáid a baineadh aisti le linn na tréimhse toghcháin a nochtadh mar speansas toghcháin.

3.6 Cuntas a thabhairt san úsáid oifigí le linn na tréimhse toghcháin

a) Ginearálta

I dtaca le hoifig agus stáiseanóireacht, foráiltear leis an Acht go gcuimsítear le speansais toghcháin *“costais arna dtabhú chun áitreabh oifige nó seomraí cruinnithe a fháil ar cíos nó a úsáid chun críocha toghcháin (seachas chun críocha comhdhálacha bliantúla nó eile de chuid an pháirtí) agus na costais a ghabhann le téamh, leictreachas, árachas, trealamh oifige a cheannach nó a fháil ar cíos, teileafóin, stáiseanóireacht agus postas”*.

Dá réir sin, meastar speansais arna dtabhú chun oifig a fháil ar cíos a bheith ina speansais toghcháin. Ní mór cuntas a thabhairt i gcíos a íoctar i leith na tréimhse toghcháin sa Ráiteas Speansas Toghcháin.

I gcás go gcuirtear úsáid as oifig ar fáil saor in aisce nó faoi bhun an chostais, meastar luach tráchtála iomlán na húsáide as an oifig chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin a bheith ina speansas toghcháin agus ní mór cuntas a thabhairt ann. Agus an luach tráchtála á chinneadh, féadfar an bhail ar an oifig a chur san áireamh. Féadfar aon lascaine a thugtar de ghnáth nó a bhíonn ar fáil de ghnáth a chur san áireamh.

Ní speansas toghcháin é soláthar oifige gan táille i dteach cónaithe príobháideach duine i gcás nach mbíonn an seomra arna chur ar fáil ar cíós de ghnáth. Is speansas toghcháin é speansas ar bith arna thabhu agus athruithe á ndéanamh uirthi lena húsáid chun críocha toghcháin a éascú le linn na tréimhse toghcháin, áfach.

b) Úsáid oifigí ionadaíochta poiblí

Meastar an úsáid chun críocha toghcháin as a (h)oifig a n-íoctar aisti le cistí an phobail ag sealbhóir oifige tofa/poiblí a bheith ina speansas toghcháin. Ba chóir an méid a úsáideadh an oifig chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin le linn na tréimhse toghcháin a chur san áireamh. Ní mór cuntas a thabhairt sna costais choimhdeacha amhail tuarastal, teas, solas, fóin, facs, cóipeáil, priontáil, stáiseanóireacht, postas, clúdaigh, etc., i gcás gur tabhaíodh na costais sin chun críocha toghcháin.

Chomh maith leis sin, is speansas toghcháin í an úsáid as oifigí a n-íoctar astu le cistí poiblí chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin. Áirítear leis sin na costais a bhaineann le tuarastal agus speansais státseirbhíseach nó comhairleoirí speisialta i gcás go bhfuil siad fostaithe i ngníomhaíochtaí chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin, chomh maith le costais choimhdeacha eile amhail teas, solas, teileafóin, facs, cóipeáil, priontáil, stáiseanóireacht, postas, clúdaigh, etc., i gcás gur tabhaíodh na costais sin chun críocha toghcháin.

c) Cuntas a thabhairt in oifigí ar le hiarrthóir nó le páirtí polaitíochta iad

Ní gá cuntas a thabhairt mar speansais toghcháin i measchostais chíosa as an úsáid as oifig ar le hiarrthóir í. Ar an dul céanna, i gcás gur le páirtí polaitíochta oifig i dtoghcheantar a n-úsáideann a iarrthóir(í) í le linn feachtas toghcháin, ní gá don pháirtí ná don iarrthóir measchostais chíosa a ghearradh as úsáid na n-oifigí sin. Mar sin féin, ní mór cuntas a thabhairt in aon speansais arna dtabhu chun athruithe a dhéanamh uirthi lena húsáid chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin.

d) Measchostais le láithreán a fháil ar cíós le haghaidh póstaer nó ábhar eile toghcháin

Measchostais le láithreán a fháil ar cíós le haghaidh póstaer nó ábhar eile toghcháin a chuirtear suas/a thaispeántar in ionaid réadmhaoine phríobháideacha nó in áitribh tráchtála nach láithreáin aitheanta iad chun na críche sin, ní gá cuntas a thabhairt iontu mar speansais toghcháin.

Aguisín 1 - Sainmhíithe

Ciallaíonn '**cuntas**' cuntas in institiúid sa Stát chun airgead arna fháil i leith síntiús a bhreacadh do shochar agus do dhochar an chuntais [alt 22(2)(aa)];

ciallaíonn '**iarrthóir**' duine arb amhlaidh, ar nó roimh an dáta ar a ngluaistear eascaire i ndáil le holltoghchán Dála nó le fothoghchán Dála nó ar nó roimh an dáta ar a ndéantar an t-ordú lena gceaptar lá na vótála i ndáil le Seanad Éireann nó toghchán do Pharlaimint na hEorpa, go ndearbhaíonn sé/sí nó go ndearbhaíonn duine eile go bhfuil sé/sí ina (h)iarrthóir sa toghchán lena mbaineann [alt 22(2)(aa)];

Áirítear iad seo a leanas leis an sainmhíniú ar '**shíntiúsóir corparáideach**':

- comhlacht corpraithe;
- comhlacht neamhchorpraithe daoine; nó
- iontaobhas

a thugann síntiús. Meastar gurb é an t-aon duine amháin atá i gcomhlacht corpraithe agus aon fhochuideachta dá chuid [alt 22(2)(aa)].

Ciallaíonn '**síntiús**' aon ranníocaíocht a thugann aon duine (lena n-áirítear fochomhlacht ag a bhfuil oifig taobh amuigh den Stát), cibé acu is ball de pháirtí polaitíochta é/í nó nach ea, taobh istigh nó taobh amuigh den Stát chun críocha polaitíochta do pháirtí polaitíochta, do chomhalta den cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí nó iarrthóir i dtoghchán Dála agus áirítear leis ceann ar bith nó gach ceann de na nithe seo a leanas, mar atá -

- síntiús airgid [alt 22(2)(a)(i)];
- síntiús maoiné nó earraí [alt 22(2)(a)(ii)];
- an ceart a thabhairt chun aon mhaoín nó earraí a úsáid ar feadh tréimhse gan teorainn nó tréimhse shonraithe gan íocaíocht ná comaoín eile a fháil [alt 22(2)(a)(iii)];
- an soláthar seirbhísí gan íocaíocht ná aon chomaoín eile ina leith [alt 22(2)(a)(iv)];
- an difríocht idir an praghas tráchtála agus an praghas a ghearrtar as maoin nó earraí a cheannach, a fháil nó a úsáid nó as seirbhís ar bith a sholáthar i gcás gur lú an praghas, an táille nó comaoín eile ná an gnáthphraghas tráchtála [alt 22(2)(a)(v)];
- An céatadán den ghlanbhrabús, más ann, a thagann as an imeacht agus atá curtha síos don ranníocaíocht i gcás ranníocaíochta arna tabhairt ag duine i ndáil le himeacht a eagraíodh chun críche cistí a thiomsú do pháirtí chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, d'ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó do thríú páirtí nó d'iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach [alt 22(2)(a)(vi)];
- an céatadán den ghlanbhrabús, más ann, a thagann as an imeacht agus atá curtha síos don ranníocaíocht agus arb amhlaidh, cé nár tiomsaíodh é go sonrach chun

críche tacú le duine amháin nó níos mó d'iarthóirí an pháirtí polaitíochta i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, go n-úsáidtear é chun na críche deireanaí sin i gcás ranníocaíochta arna tabhairt ag duine i ndáil le himeacht a eagraíodh chun críche cistí a thiomsú do pháirtí polaitíochta [alt 22(2)(a)(vii)]; nó

- táille nó síntiús arna (h)íoc ag an duine thar a cheann féin nó thar ceann duine amháin eile nó níos mó ná duine amháin eile as ballraíocht nó ballraíocht leantach de pháirtí polaitíochta [alt 22(2)(a)(viii)];

'speansais toghcháin' – beidh speansais toghcháin ar na nithe sin atá liostaithe thíos, agus ar na nithe sin amháin:

(a) Fógraíocht (cibé meán a úsáidtear).

Cuimsítear le speansais i leith fógraíocht den sórt sin táillí gníomhaireachta, speansais dearthóireachta agus speansais eile arna dtabhú i dtaca leis an bhfógraíocht sin a ullmhú, a tháirgeadh, a dháileadh nó a scaipeadh ar shlí eile [Sceideal 1(a)]

(b) Poiblíocht.

Cuimsítear le speansais, i leith an ghnó sin, speansais arna dtabhú i leith craolachán ó pháirtí polaitíochta, aon seirbhísí nó áiseanna a sholáthar i dtaca le preasagallaimh nó déileálacha eile leis na meáin, comhairle agus oiliúint maidir leis na meáin agus grianghrafadóireacht [Sceideal 1(b)]

(c) Póstaeir toghcháin.

Cuimsítear le speansais, i leith ábhar den sórt sin, na costais a ghabhann le póstaeir toghcháin a dhearadh, a tháirgeadh, a phriontáil, a chur in airde agus a bhaint anuas [Sceideal 1(c)]

(d) Ábhar eile toghcháin.

Cuimsítear le speansais, i leith ábhar den sórt sin, na costais a ghabhann le dearadh, táirgeadh, priontáil agus scaipeadh ábhar den sórt sin (seachas póstaeir), lena n-áirítear cártaí canbhasála, bileoga toghcháin, forógraí toghcháin, nuachtlitreacha agus ábhar poiblíochta eile toghcháin [Sceideal 1(d)]

(e) Oifig agus Stáiseanóireacht.

Cuimsítear le speansais i leith na nithe seo costais arna dtabhú chun áitreabh oifige nó seomraí cruinnithe a fháil ar cíos nó a úsáid chun críocha toghcháin (seachas chun críocha comhdhálacha bliantúla nó comhdhálacha eile de chuid an pháirtí) agus na costais a ghabhann le téamh, leictreachas, árachas, trealamh oifige a cheannach nó a fháil ar cíos, teileafóin, stáiseanóireacht agus postas [Sceideal 1(e)]

(f) Iompar agus taisteal.

Cuimsítear le speansais i leith na nithe seo speansais arna dtabhú ar iompar agus taisteal (ar mhodh ar bith), peitreal agus díosal, feithiclí feachtais a fháil ar cíos nó a úsáid, feithiclí a fháil ar cíos nó a úsáid chun vótálaithe a iompar ar lá na vótála, speansais chóiríochta, seirbhísí tacsáí agus fruilchairr agus seirbhísí cúiréireachta [Sceideal 1(f)]

(g) Taighde margaidh.

Cuimsítear le speansais i leith an ghnó seo speansais arna dtabhú agus pobalbhreith nó suirbhé eile cosúil leis, a bhaineann le toghchán laistigh den tréimhse 60 lá roimh lá na vótála ag an toghchán, á déanamh ag páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta nó iarrthóir nó thar cheann páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta nó iarrthóra ag an toghchán [Sceideal 1(g)]

(h) Oibrithe feachtais.

Cuimsítear le speansais, i leith an ghnó seo, íocaíochtaí le hoibrithe feachtais, árachas agus costais eile [Sceideal 1(h)]

Ciallaíonn '**institiúid**' [alt 22(2)(aa)]:

- a) sealbhóir ceadúnais faoi alt 9 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971,
- b) cumann foirgníochta corpraithe nó a mheastar a bheith corpraithe faoin Acht Cumann Foirgníochta, 1989, nó comhlacht arna chorprú ar mhodh comhfhreagrach faoi dhlí aon Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha,
- c) banc taisece iontaobhais faoi chuimsiú chiall an Achta um Bainc Thaisce Iontaobhais 1989,
- d) An Post,
- e) foras creidmheasa atá údaraithe de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais Chaipitil), 2014 (I.R. Uimh. 158 de 2014) chun gnó a sheoladh sa Stát, nó
- f) comhar creidmheasa arna chlárú amhlaidh faoin Acht um Chomhar Creidmheasa 1997.;

Is féidir le "**duine**" [alt 2(1)]:

- a bheith ina d(h)uine aonair;
- a bheith ina c(h)omhlacht corpraithe (e.g. cuideachta phoiblí nó phríobháideach) agus in aon fhochuideachta dá chuid. I gcás go bhfaightear síntiúis ó chuideachtaí bainteacha, ba chóir don iarrthóir fiafraí de na síntiúsóirí cé acu atá nó nach bhfuil ceann amháin nó ceann eile de na cuideachtaí ina fhochuideachta de chuid an chinn eile;
- a bheith ina c(h)omhlacht neamhchorpraithe daoine, e.g. páirtí polaitíochta, comhpháirtíocht, cumann cónaitheoirí, brúghrúpa.

Ciallaíonn '**grúpa polaitíochta**' grúpa arna chruthú de réir rialacha nós imeachta Pharlaimint na hEorpa [alt 22(2)(aa)];

Ciallaíonn '**páirtí polaitíochta**', ach amháin i gCodanna VI agus IX, páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta de réir Chaibidil 6 de Chuid 2 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 mar pháirtí atá eagraithe chun dul san iomaíocht—

- (a) i dtoghchán do chomhaltas Dháil Éireann,
- (b) i dtoghchán do chomhaltas Pharlaimint na hEorpa, nó
- (c) i dtoghchán an mhéara i Luimneach;

Ciallaíonn '**críocha polaitíochta**' ceann ar bith de na críocha seo a leanas, eadhon [alt 22(2)(aa)]:

- (i) (I) leasanna páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, an Méara Luimnigh nó ionadaí i bParlaimint na hEorpa a chur chun cinn nó cur ina n-aghaidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, nó
 - (II) na beartais nó beartas ar leith de chuid páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, an Méara Luimnigh, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, nó
 - (III) na tuairimí de chuid páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, an Méara Luimnigh, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair go díreach nó go hindíreach maidir leis an mbeartas nó na beartais ar leith de chuid páirtí polaitíochta eile, grúpa polaitíochta eile, comhalta eile de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí eile i bParlaimint na hEorpa, tríú páirtí eile nó iarrthóir eile i dtoghchán nó i reifreann nó ar shlí eile, nó
 - (IV) leasanna tríú páirtí a chur chun cinn nó cur ina n-aghaidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, i dtaca le stiúradh nó bainistiú a dhéanamh ar fheachtas ar bith a dhéantar chun toradh ar leith a chur chun cinn nó a fháil maidir le beartas nó beartais nó feidhmeanna de chuid an Rialtais nó aon údaráis phoiblí;
- (ii) toghadh iarrthóra i dtoghchán Dála, Seanaid, Méara Luimnigh nó Eorpach a chur chun cinn nó cur ina aghaidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, nó vótaí ar son nó in aghaidh iarrthóra a iarraidh nó cur i láthair a dhéanamh ar na beartais nó ar bheartas ar leith de chuid iarrthóra nó ar na barúlacha de chuid iarrthóra faoi ábhar ar bith a bhaineann leis an toghchán nó na tuairimí de chuid iarrthóra maidir leis an mbeartas nó na beartais de chuid páirtí polaitíochta nó grúpa polaitíochta nó de chuid iarrthóra eile ag an toghchán nó ar shlí eile;
 - (iii) tionchar a imirt ar shlí eile ar thoradh an toghcháin nó reifrinn nó feachtais dá dtagraítear i mír (i)(IV) den sainmhíniú seo.

Ciallaíonn '**duine freagrach**', i ndáil le haonad cuntasáíochta, an cisteoir nó aon duine eile atá freagrach as a bheith ag déileáil le síntiúis don aonad, nó, i ndáil le tríú páirtí, an duine nó na daoine atá freagrach as an tríú páirtí a eagrú, a bhainistiú nó as gnóthaí airgeadais an tríú páirtí [alt 22(2)(aa)];

Ciallaíonn '**tríú páirtí**' aon duine, seachas páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta faoi Chaibidil 6 de Chuid 2 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, an Méara Luimnigh, nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, i mbliain ar leith, le síntiús ar mó a luach ná €100 [alt 22(2)(aa)].

Aguisín 2 - Seicliosta

Roimh an tréimhse toghcháin agus lena linn:

- An bhfuil sé amhlaidh gur chuir do pháirtí polaitíochta sonraí an ghníomhaire náisiúnta in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin?
- An bhfuil comhaontú sannta caiteachais i scríbhinn agat leis na hiarrthóirí (má bhaineann sé le hábhar)?
- An bhfuil tú ag coinneáil taifead de do chaiteachas toghcháin, lena n-áirítear sonraisc, dearbháin nó admhálacha os cionn €126.97?
- An bhfuil sé amhlaidh gur thug tú fógra don Choimisiún um Chaighdeáin faoi aon chaiteachas neamhúdaraithé a úsáideadh chun an páirtí nó a iarrthóirí a chur chun cinn (má bhaineann sé le hábhar)?
- An Tríú Páirtí nó "duine eile" atá ag tabhú caiteachais ag an toghchán thú? Má tá, an bhfuil sé amhlaidh gur chláraigh tú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin?

Tar éis na tréimhse toghcháin:

- An bhfuil sé amhlaidh gur thug tú faoi deara gurb é an 2 Lúnasa 2024 an lá deiridh le haghaidh foirmeacha comhlánaithe agus cáipéisíocht tacaíochta a bheith faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin?
- An bhfuil na sonraisc go léir ó sholáthraithe faighte agat laistigh de 45 lá ó dheireadh na tréimhse toghcháin (i.e. 22 Iúil 2024)?
- Agus tú ag comhlánú na bhfoirmeacha, an bhfuil sé amhlaidh gur shínigh tusa agus d'fhinné cáilithe iad sna háiteanna cuí (atá aibhsithe)?

Má bhíonn aon cheisteanna agat, féach na treoirínte agus/nó déan teagmháil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Beimid sásta cabhrú leat.